

Aguisín 1 – Ballraíocht an Ghrúpa Stiúrtha

Cathaoirleach

Phil Ryan

An Roinn Airgeadais – Rannóg Vótála RCS

Fred Foster (Go Meitheamh 2009)

John Conlon (Ó Mheán Fómhair 2009)

Pat Leahy

Joan O'Shea (Ó Mheitheamh 2010)

An Roinn Airgeadais – An tAonad Luachála Caiteachais Láir

Cormac Gilhooly (Go Nollaig 2009)

Ed Hearne

An Roinn Coimirce Sóisialaí – Polasaí TIL

John Bohan

Dan Harty (Go Nollaig 2009)

Joan Gordon (Ó Mhárta 2010)

Ciaran Diamond (Ó Feabhra 2010)

An Roinn Coimirce Sóisialaí – Athbhreithniú LAA agus Polasaí

Dearbháil Nic Giolla Mhicíl

Siobhán Doyle

An Roinn Coimirce Sóisialaí – Aonad Staitisticí

Paul Morrin

Barry Sobey

An Roinn Coimirce Sóisialaí – Riarachán Sochar Linbh

Seamus O'Fearghail

An Roinn Coimirce Sóisialaí– Riarachán Fhorlónadh Ioncaim Teaghlaigh

Eoin Power

An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta–An Rannán um Chuimsiú Sóisialta

Jim Walsh (Ó Feabhra 2010)

Aguisín 2 – Garspriocanna in éabhlóid chláir Tacaíochta Ioncaim Linbh

Bliain	Clár	Forbairt
1944	Sochar Linbh (SL)	Tugadh isteach an réamhtheachtaí ar Scéim SL (Liúntas Leanaí). Íoctha don tríú páiste agus páistí a leanann faoi 16.
1952	Sochar Linbh (SL)	Leathnaíodh an liúntas chuig teaghlaigh le beirt pháiste nó níos mó.
1952	Méadú i leith Linbh Cháilithe (MLCanna)	Mhol an Páipéar Bán ar Leasa Shóisialta i 1949 go ndéanfaí caighdeánú ar MLCanna maidir le formhór na níocaíochtaí agus go n-íocfaí liúntas don chéad bheirt pháistí. Cuireadh an moladh seo i bhfeidhm i 1952.
1960	Méadú i leith Linbh Cháilithe (MLCanna)	Leathnaíodh forálacha MLCanna chun an tríú páiste agus páistí níos óige ná sin a thabhairt san áireamh.
1963	Sochar Linbh (SL)	Leathnaíodh an liúntas arís chuig teaghlaigh le páiste amháin nó níos mó le rátaí íocaíochta athraitheach ag brath ar an líon páistí sa teaghlach.
1964	Méadú i leith Linbh Cháilithe (MLCanna)	Leathnaíodh forálacha MLCanna chun páistí pinsinéirí a thabhairt san áireamh.
1965	Sochar Linbh (SL)	Tugadh isteach dúbailt an ghnáthráta maidir le marthanóirí ilbhreitheanna, seachas cúplaí, nuair a mhairfeadh triúr ar a laghad.
1973	Sochar Linbh (SL)	Ardaíodh an uas-theorainn aoise ó 16 go 18 agus an bhliain chéanna tugadh an íocaíocht anois do mháithreacha in ionad aithreacha, mar a dhéantaí.
1984	Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh (FIT)	Scéim a tugadh isteach chun tacaíocht ioncaim a thabhairt do theaghlaigh ar phá íseal a raibh clann acu.

1985	Méadú do Leabh Cáilithe (MLCanna)	Tugadh isteach íocaíocht MLCanna maidir le páiste cáilithe ag leath an ghnáth ráta i gcásanna nach cleithiúnaí fásta is ea an céile/páirtí.
1986	Sochar Linbh (SL)	Tugadh isteach SL in ionad Liúntas Leanaí agus Liúntas Cáin Linbh.
1986	Forlónadh Ioncam Teaghlaigh (FIT)	Laghdú ar an íos-líon uaireanta oibre sa tseachtain ó 30 go dtí 24.
1989	Forlónadh Ioncam Teaghlaigh (FIT)	Ardú ar an iolraitheoir ó 50% go 60% den bharna idir an fíor-ioncam agus an síleáil. Laghdú ar an íos-líon uaireanta oibre sa tseachtain ó 24 go 20.
1990	Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua (LÉCSN)	Is é an R/GPCG a thug an scéim seo isteach agus a rinne maoiniú air, agus tá sé faoi tharchuir rannóg leasa pobail Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.
1990í	Sochar Linbh (SL)	Bhí sé mar sprioc rátaí SL a mhéadú le go dtiocfadh ardú ar an leibhéal sochair go leanúnach ag sroicheadh meán ardú de 56% faoin mbliain 2001. Mar thoradh bhí rátaí SL thart ar cheithre huaire chomh hard i 2001 agus a bhí siad i 1990.
1990í	Méadú i leith Linbh Cháilithe (MLCanna)	Cáilitheacht leathnaithe chuig páistí aois 20 bliain in oideachas lánaimseartha.
1991	Méadú i leith Linbh Cháilithe (MLCanna))	Tháinig laghdú de réir a chéile ar 36 ráta difriúil na MLCanna i gcomhar leis an moladh ó Thuarascáil an Choimisiúin Leasa Shóisialaí. Faoin mbliain 1991 bhí trí ráta difriúil MLCanna ann. Leathnaíodh cáilitheacht chuig páistí aois 20 bliain in oideachas lánaimseartha.
1991	Forlónadh Ioncam Teaghlaigh (FIT)	Leathnaíodh an Forlónadh chuig teaghlaigh le páistí in aois 18-21 in oideachas lánaimseartha. An bhliain chéanna leathnaíodh an scéim chuig cúplaí a bhí ag cónaí le chéile agus a raibh páistí acu.
1993	Sochar Linbh (SL)	Deontas speisialta aon uaire le hóc ar bhreith cúplaí.
1995	Sochar Linbh (SL)	Leathnaithe amach chuig páistí os cionn 18 agus faoi 19.

1995	Méadú i leith Linbh Cháilithe (MLCanna)	Rátaí MLCanna reoite.
1995	Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua (LÉCSN)	Leathnaithe chun mic léinn suas go haois a 22 in oideachas lánaimseartha a thabhairt san áireamh.
1996	Sochar Linbh (SL)	Deontas speisialta do chúplaí iníoctha nuair a shroichfeadh na páistí aois a 4 agus 12.
1996	Méadú i leith Linbh Cháilithe (MLCanna)	Íocaíocht leanúnach do pháistí tugtha isteach i 1996 (leanúint le híocaíocht MLCanna ar feadh tréimhse trí seachtainí déag tar éis deireadh a theacht le príomhíocaíocht) mar bhealach le dídhreasachta ó thaobh fostaíochta a laghdú.
1996	Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh (FIT)	Laghdú ar íosmhéid an líon uaireanta a bhfuil gá oibriú ó 20 uair sa tseachtain go dtí 38 uair sa choicís. Laghdú ar an tréimhse fostaíochta cáilithe ó 6 mhí go dtí 3 mhí
1997	Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh (FIT)	Modh chun méid an FIT a athraítear ó ollioncam go hioncam glan de ranníocaíochtaí PRSI agus tobhaigh sláinte agus fostaíochta a ríomh.
1998	Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh (FIT)	Modh chun méid FIT a athraíodh i leith ioncam glan tar éis cáin, tobhaigh agus aoisliúntas a ríomh.
1998	Sochar Linbh (SL)	Íocaíochtaí speisialta aon-uaire leathnaithe chun teaghlaigh le ilbhreitheanna triúr nó níos mó a thabhairt san áireamh. Ráta SL iníoctha le cúplaí ardaithe go 150% den ghnáth ráta SL.
2000	Méadú i leith Linbh Cháilithe (MLCanna)	Leanfar ag íoc an MLCanna iomlán le teacht isteach sheachtainiúil céile ardaithe ó €76.00 go €171.40. Roimhe seo ní íoctaí ach leath an ráta nuair a bheadh teacht isteach os cionn €76.00.
2001	Méadú i leith Linbh Cháilithe (MLCanna)	Cáilitheacht leathnaithe chuig páistí in aois 22 bliain a bheadh in oideachas lánaimseartha. Leanúint ag íoc MLCanna iomlán agus teacht isteach sheachtainiúil ardaithe ó €171.40 go €184.
2006	Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh (FIT)	Athdhíriú ar thairseacha ioncain chun méaduithe breise do theaghlaigh móra a thabhairt san áireamh.

2006	Forlónadh Luathchúram Leanaí (FLL)	Forlónadh saor ó cháin de €1000 sa bhliain, gan fiosrú maoinne tugtha isteach chun cabhrú le costas cúraim linbh do pháistí faoi 6 bliana d'aois.
2007	Méadú i leith Linbh Cháilithe (MLCanna)	Rinneadh caighdeánú ar rátaí MLCanna ag ráta níos airde de €22.
2008	Forlónadh Luathchúram Leanaí (FLL)	An forlónadh ardaithe ó €1000 go €1100.
2009	Sochar Linbh (SL)	Leath-ráta sochair do pháistí ocht mbliana déag, an chéad chéim le deireadh a chur le cáilitheacht do pháistí ocht mbliana déag ó 2010 ar aghaidh, agus bearta cúitimh idirthréimhseach dá dtabhairt isteach do theaghlaigh ar ioncam íseal.
2009	Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua (LÉCSN)	Tugadh beart speisialta isteach sa Bhuiséad i 2009 le liúntas breise de €215 a íoc le mic léinn ocht mbliana déag a bheadh in oideachas lánaimseartha, agus tá leath-ráta SL i bhfeidhm dóibh sin anois.
2009	Forlónadh Luathchúram Leanaí (FLL)	Cáilitheacht íslithe ó 6 bliana go 5 bhliana agus 6 mhí agus ansin go 5 bhliana.
2010	Sochar Linbh (SL)	Mar gheall ar an staid chrua eacnamaíochta agus airgeadais, chuir Buiséad 2010 laghdú €16 ar rátaí míosúil SL.
2010	Méadú i leith Linbh Cháilithe (MLCanna)	Tháinig ardú €3.80 ar MLCanna i mBuiséad 2010 chun cúiteamh a thabhairt do theaghlaigh le páistí a bhíonn ag brath ar íocaíochtaí leasa shóisialaí mar gheall ar an laghdú ar íocaíochtaí Sochair Linbh.
2010	Forlónadh Luathchúram Leanaí (FLL)	Deireadh le híocaíocht agus feidhm leis ó 1 Eanáir agus bliain réamhscoile saor in aisce Luathchúraim agus Oideachais Leanaí do pháistí idir 3 bliana agus 6 mhí agus 4 bliana agus 6 mhí curtha in a áit.

Aguisín 3 – Próiseas Comhairlithe

Mar chuid den phróiseas comhairlithe ar Athbhreithniú LAA agus Tacaíocht Ioncaim Linbh d'iarr an Grúpa Stiúrtha ar eagraíochtaí a raibh suim acu i bpolasaí poiblí i réimse pholasaí leanaí agus teaghlaigh aighneachtaí scríofa a chur chucu. Aithníodh na heagraíochtaí sin ar bhun saincheistanna a ardaíodh in Aighneachtaí Réamh-Bhúiséad a raibh baint acu leis an athbhreithniú. Tugadh deis freisin d'eagraíochtaí páirtíochta sóisialta aighneachtaí a chur isteach. Fuair 18 eagraíocht ar fad cuireadh le páirt a ghlacadh sa phróiseas comhairlithe. Ghlac cúig cinn déag de na heagraíochtaí leis an gcuireadh sin. Is iad seo a leanas na heagraíochtaí sin:

- Barnardos
- Comhghuaillíocht um Chearta Leanaí
- Cúram
- Fócas Éireann
- Cuimsiú Éireann
- Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
- Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí
- Eagraíocht na hÉireann do Dhaoine Dífhostaithe
- Comhairle Náisiúnta na mBan
- One Family
- Open
- Cumann Naomh Uinseann de Pól
- Start Strong
- Treoir
- An Chomhpháirtíocht Uinseannach um Cheartas Sóisialta.
- Cúram

Fuarthas aighneachtaí breise ó Barnardos, Comhghuaillíocht um Chearta Leanaí agus Cumann Naomh Uinseann de Pól ar son na Chomhghuaillíochta um Dheireadh a chur le Bochtaineacht Linbh, atá mar pháirtíocht seacht n-eagraíocht neamhrialtais.

Iarradh ar eagraíochtaí díriú go háirithe ar Théarma Tagartha an athbhreithnithe agus iad ag ullmhú a gcuid aighneachtaí. Thug roinnt de na haighneachtaí aird ar fhormaid na dTearmaí Tagartha agus chuir siad aighneachtaí cuimsitheacha ar fáil, a bhí idir 12 agus 15 leathanach ar fhad. Bhí cáipéisí níos giorra in aighneachtaí eile agus bhí siad sin teoranta do réimse saineolais na heagraíochta. Chuir cúig cinn de na heagraíochtaí comhaighneacht isteach.¹⁵⁷

Go ginearálta ghlac na geallghlacadóirí go fonnmhar leis an deis aighneacht a chur isteach agus glacadh leis gur am cuí é chun athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaí Tacaíochta Ioncaim Linbh. Déanann an tábla seo a leanas achoimre ar na príomhcheistanna a ardaíodh sna haighneachtaí agus nascann sé na pointí sin leis na Téarmaí Tagartha agus le ceistanna sonracha luachála a athbhreithniú.

¹⁵⁷ Is iad na heagraíochtaí seo a leanas a rinne an chomhaighneacht: Eagraíocht na hÉireann do Dhaoine Dífhostaithe, OPEN, Comhairle Náisiúnta na mBan One Family agus Treoir.

Tábla – Comhairlithe

Téarmaí Tagartha	Ceisteanna luachála sonracha	
	<p>RÉAMH-ÁBHAR</p> <p><i>Raon an Athbhreithnithe, modhanna srl.</i></p>	<p>An cur chuige ginearálta ba chóir a bheith ag an Athbhreithniú</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ba chóir raon leathan a bheith leis an athbhreithniú ar thacaíochtaí ioncaim linbh, de bharr na n-ilchuspóirí atá leis na tacaíochtaí sin. Tá sé tábhachtach nach mbreathnófaí ar TIL mar rud ann féin, ach go mbreathnófaí air i gcomhthéacs níos leithne thacaíochtaí ioncaim do dhaoine fásta agus seirbhísí do pháistí. (Start Strong) • Ba chóir don Athbhreithniú cuspóirí pholasaí thacaíochtaí ioncaim linbh a athbhreithniú agus a shoiléiriú. (SVP)¹⁵⁸ • Ní mór don Athbhreithniú luach ar airgead a mheas laistigh de chomhthéacs polasaí níos leithne. (Joint)¹⁵⁹
<p>A. Réasúnaíocht polasaí: Aithin cuspóirí polasaí agus cláir TIL, meáigh bailíocht chláir polasaí agus tacaíochtaí ar thacaíochtaí ioncaim a sholáthar do theaghlaigh le páistí, an ról atá ag TIL le dul i ngleic le bochtaineacht linbh trí thacaíochtaí ioncaim agus</p>	<p><i>Cérbh iad na cuspóirí polasaí poiblí leathan faoi bhun cláir a sheachadann tacaíochtaí ioncaim do theaghlaigh le páistí?</i></p>	<p>Na prionsabail ar chóir TIL a bheith bunaithe orthu</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ba chóir aon chineál córais leasa shóisialaí a bheith bunaithe ar seo a leanas– <ul style="list-style-type: none"> ○ Prionsabail leorgachta, cothromais, comhsheasmhachta agus inacmhainneachta ○ Aitheantas gurb é leas na bpáistí é dá mbeadh an bheirt thuismitheoir bainteach lena saol chomh fada agus is féidir é, agus dá réir sin nach mbeadh aon dídhreasacht airgeadais dá chur ar aontíos céileachais, nó go deimhin ar phósadh ○ Tá gá ann dúshlán a thabhairt don chultúr cleithiúnais chomh maith leis an tsiocair le caimiléireacht laistigh den chóras mar gheall ar mhí-chothromaíocht. (Treoir) • Aird chuí a thabhairt ar bhochtaineacht linbh a laghdú sa phlé maidir le leasuithe sa chóras ioncaim linbh; ní mór dearcadh fadtéarmach a bheith le haon athruithe a mholfá agus go mbeadh leas na bpáistí mar phríomh aidhm nuair a bheifí ag breathnú ar éifeacht acmhainne.

¹⁵⁸ SVP – St Vincent De Paul.

¹⁵⁹ Joint – Irish National Organisation for the Unemployed, OPEN, National Women’s Council of Ireland, One Family and Treoir.

<p>trí obair; agus cé chomh comhsheasmhach is atá na cuspóirí sin le cuspóirí agus gealltanais an rialtais agus le misean agus straitéis iomlán an R/GPCG.</p>		<p>(Barnardos)</p> <ul style="list-style-type: none"> • Aghaidh a thabhairt ar an ról agus an tábhacht a bhíonn ag tacaíocht agus seirbhísí tacaíochta ar thacaíochtaí páistí atá ag maireachtáil i mbochtaineacht nó i gcontúirt a bheith. (Barnardos) • Go mbeadh sé mar phríomh pholasaí ag aon leasú ar pholasaithe Tacaíochtaí Ioncaim Linbh bochtaineacht linbh a laghdú. (Alliance)¹⁶⁰ • Níl rialtais ag baint an úsáid is fearr as acmhainní poiblí chun feabhas a chur ar na príomhréimsí a mbíonn tionchar acu ar shaol páistí; go háirithe bochtaineacht agus neamhionannais, agus mar thoradh tá siad ag caitheamh níos mó ná ba chóir dóibh ar fhadhbanna sóisialta a bhféadfaí iad a chosc, ar nós coiriúlacht, míchumas meabhrach, cliseadh teaghlaigh, drugaí agus beathaitheacht a leigheas. Cé gur réimse ábhair níos leithne é, a bhfuil ceangal aige le gach polasaí a bhfuil tionchar aige ar pháistí, agus ní Tacaíocht Ioncaim Linbh amháin, ba chóir go mbreithneofaí luach polasaithe agus cláir idirghabhála agus coisctheacha i gcomhthéacs an Athbhreithnithe seo. (Alliance) • Bheadh toradh níos fearr do pháistí de bharr cur chuige níos leithne agus níos straitéisí agus bheadh luach níos fearr ar airgead mar thoradh air le himeacht aimsire. (Joint) <p>Tá sé aitheanta go bhfuil na straitéisí, na cláir agus na pleananna seo cuí i gcomhair Athbhreithnithe</p> <ul style="list-style-type: none"> • An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007 – 2016 <ul style="list-style-type: none"> ○ Sprioc le Bochtaineacht Comhsheasmhachta a laghdú (SVP) (Joint) (Alliance) ○ Sprioc TIL – ba chóir go mbeadh rátaí SL & MLCanna ar leibhéal 33% go 35% de ghnáth ráta dhuine fásta. (Joint) (Alliance) • I dTreo 2016 <ul style="list-style-type: none"> ○ Fís do pháistí (Joint) (Alliance) ○ Sprioc TIL – ba chóir go mbeadh rátaí SL & MLCanna ar leibhéal 33% go 35% de ghnáth ráta dhuine fásta.. (Alliance) ○ Ag cur tuilleadh oibre chun cinn leis an aidhm cabhrú le páistí i dteaghlaigh ar ioncam íseal. (Alliance) • An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta (CNES) <ul style="list-style-type: none"> ○ Forbairt radacach ar sheirbhísí mar an bealach is tábhachtaí le cosaint shóisialta a
--	--	---

¹⁶⁰ Alliance – Children’s Rights Alliance.

		<p>fheabhsú. (Joint)</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ráiteas Straitéise DSFA 2008 – 2010: Sprioc ardleibhéal do pháistí agus do theaghlaigh. (Alliance) • Clár Rialtais 2007 – 2012: Méaduithe i leith Linbh Cháilithe agus Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh a chónascadh chun leibhéal eile de thacaíocht ioncaim a fhorbairt a bheadh dírithe ar na teaghlaigh is boichte. (Alliance) <p>Ba chóir go dtabharfadh polasaithe TIL aird ar Choinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe</p> <ul style="list-style-type: none"> • Alt 27 de Choinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe ar chearta an linbh. Tá sé do cheart ag gach páiste “an caighdeán maireachtála is gá a bheith aige/aici i gcomhair forbairt fhisiceach, mheabhreach, spioradálta, mhorálta agus shóisialta.” (Alliance) • Ba chóir do pholasaithe TIL ailt an Choinbhinsiúin na Náisiúin Aontaithe um Chearta an Linbh a sholáthraíonn creatlach do leasa an linbh agus a bhfuil gach páiste i dteideal, a choinneáil i gcuimhne. (ISPC)¹⁶¹
	<p><i>RÉASÚNAÍOCHT (Eacnamaíochta)MAIDIR LE CAITEACHAS</i></p> <p><i>An bhfuil na cuspóirí éifeachtach fós? An bhfuil siad comhsheasmhach le cuspóirí iomlán an rialtais agus le cuspóirí i Ráiteas Straitéise na Ranna Gnóthaí Sóisialaí agus Pobail?</i></p>	<p>Prionsabal Uilíoch – Comhionannas Cothrománach</p> <ul style="list-style-type: none"> • Is infheistíocht ag an rialtas i bpáistí iad na tacaíochtaí ioncaim linbh, a thugann aitheantas don luach a thugann ár sochaí do pháistí. Mar gheall gur íocaíocht uilíoch é Sochar Linbh taispeánann sé an luach atá ar gach páiste. Tugann tacaíochtaí ioncaim linbh aitheantas freisin do na costais bhreise a chuireann páistí ar theaghlaigh. (Start Strong) • Ba chóir uilíochas na híocaíochta Sochar Linbh a choinneáil. Ní fheiceann an dearcadh nach dteastaíonn an íocaíocht seo ó roinnt tuismitheoirí an pointe gur i gcomhair páistí atá an íocaíocht. Má tá leibhéal arda ioncaim ag tuismitheoirí, ansin ba chóir breathnú ar seo i dtéarmaí roghanna ó thaobh cáin a ghearradh in áit an íocaíochta sochar linbh a bhaint do pháistí. (ISPC) • Tá roinnt torthaí dearfacha le Sochar Linbh <ul style="list-style-type: none"> ○ Cuireann sé líon sábháilteachta uilíoch ar fáil ○ Cothaíonn sé dlúthpháirtíocht idir glúine

¹⁶¹ ISPC – Irish Society for the Prevention of Cruelty to Children.

		<ul style="list-style-type: none"> ○ Ós rud é gur íocaíocht chaighdeánach é, bíonn i bhfad níos mó sochair ann dóibh siúd ar ioncam íseal ná ar ioncam ard. ○ Níl aon smál ag baint le cur isteach ar an íocaíocht seo ○ Chosnódh sé níos mó tástáil maoinne a dhéanamh ar Sochar Linbh ná mar a shábhálfai trí gan scéim uilíoch a bheith ann. ○ Tugann sé cineál slándáil bhunúsach ioncaim do theaghlaigh ○ Cabhraíonn sé leis na costais bhreise atá ag daoine a bhfuil teaghlaigh mhóra acu a mhaolú. (Cúram) ● D'fhéadfaí SL a athrú le go ndéanfadh sé freastal níos fearr ar pháistí a dteastaíonn níos mó tacaíochta uathu. Mar sin féin más é an mian atá ann ná laghdú a chur ar bhochtaineacht , ansin ba chóir cuid de na tacaíochtaí bunúsacha ioncaim teaghlaigh a choinneáil uilíoch.. (Cúram) ● Ba chóir don Stát ranníocaíocht a dhéanamh le tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh le páistí. Tá an íocaíocht Shochar Linbh bunaithe ar phrionsabal an chomhionannais cothrománach: déantar dáileadh ar ioncam uathu siúd nach bhfuil páistí acu dóibh siúd a bhfuil, bunaithe ar an tuiscint go bhfuil costais níos airde orthu siúd a bhfuil páistí acu ná mar atá orthu siúd nach bhfuil, agus mar sin go dteastaíonn tacaíochtaí airgeadais breise uathu. Léiríonn an íocaíocht seo na luachanna atá againn mar shochaí: taispeánann a cuid uilíochta go bhfuil meas ar pháistí agus go gcreideann sochaí na hÉireann gur chóir dúinn breathnú ina ndiaidh. (Alliance) ● Is é an prionsabal atá taobh thiar den íocaíocht sochar linbh ná go gcuireann an Stát tacaíochtaí bhreise ar fáil do theaghlaigh le páistí, ar an mbealach sin ag tabhairt aitheantais do na costais bhreise a bhaineann le leanbh a thógáil. (Inclusion Ireland) ● Comhlíonann SL roinnt cuspóirí. Ar an gcéad dul síos déanann sé sóisialú ar chostas tógáil linbh. An dara rud, tugann sé aitheantas don tábhacht atá le ról tuismitheoirí i dtógáil páistí, agus an tríú rud tá sé dírithe ar fhaoiseamh a thabhairt ar bhochtaineacht páistí. Mar sin féin bíonn sé deacair i gcónaí ag uirlis polasaí a bhfuil go leor spriocanna aige a chinntiú go mbaineann sé amach na cuspóirí atá socruithe aige. (IBEC)
	<p><i>An bhfuil na cuspóirí comhsheasmhach le cláir polasaí poiblí eile a sholáthraíonn ioncam</i></p>	<p>Tacaíochtaí Ioncaim Dhaoine Fásta – Teaghlaigh níos Boichte</p> <ul style="list-style-type: none"> ● Ní féidir breathnú ar dhul i ngleic le bochtaineacht linbh mar pholasaí a bheadh deighilte ó thacaíochtaí ioncaim dhaoine fásta. Tá rátaí leasa shóisialaí mar chuid den fhreagra le deireadh

	<p><i>agus tacaíochtaí eile do theaghlaigh le páistí? Cén idirghníomhaíocht atá idir polasaí agus cláir TIL agus an straitéis níos leithne chun bochtaineacht linbh, go háirithe a laghdú trína chinntiú go leanfaí le nó go gcuirfí feabhas ar dhreasachta oibre?</i></p>	<p>a chur le bochtaineacht linbh agus ba chóir é a aithint mar bheart frith-bhochtaineachta linbh. (SVP)</p> <ul style="list-style-type: none"> • Bíonn páistí bochta ina gcónaí i dteaghlaigh bochta. Tá gá le déileáil le híocaíochtaí leasa shóisialaí do dhaoine fásta chun tacú le páistí atá ina gcónaí sna teaghlaigh sin. Teastaíonn córas aistrithe sóisialta forásach a fhorbairt leis an gcóras reatha a leasú, fáil réidh le gaití bochtaineachta agus tacú le dul chun cinn agus forbairt a sholáthraíonn riachtanais tuismitheoirí agus a gcuid páistí. (Barnardos) • Chun go mbeidh cosaint éifeachtach shóisialaí ann ní mór duail dhifriúla leasa shóisialaí a fhorbairt ar bhealach iomláine. Ní mór an idirghníomhaíocht idir tacaíochtaí ioncam linbh agus bearta polasaí eile (tacaíocht aontuismitheora, rátaí leasa shóisialaí do dhaoine fásta, tacaíochtaí oideachais, bearta gníomhaíochta agus tacaíochtaí tithíochta) a mheas i gcomhthéacs an Athbhreithniú ar Thacaíochtaí Ioncam Linbh, mar go mbeadh tionchar ag athrú ar cheann amháin acu ar na cinn eile. (Alliance) • D'fhéadfadh an costas a bhaineann le teacht ar sheirbhísí ar leibhéal pobail – seirbhísí ar nós cúram sláinte agus spraoi linbh a bheith toirmeascach. Ciallaíonn sé seo, i dteannta le Tacaíochtaí Ioncam Linbh nach leor iad agus nach bhfuil siad dírithe, go bhfuil bochtaineacht linbh ag fanacht ró-ard. Tá sé soiléir go dteastaíonn tacaíochtaí airgeadais bhreise ó pháistí atá ag fás suas i dteaghlaigh bochta. (Alliance)
<p>B. Eacnamaíocht agus Inniúlacht: Sainmhínigh na táirgí a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí cláir ábhartha agus aithnigh leibhéal agus claonadh na dtáirgí sin. Aithin leibhéal agus claonadh costais agus acmhainní foirne a bhfuil baint acu leis na cláir ábhartha agus tabhair</p>	<p><i>Cé na híocaíochtaí a bhfuil baint acu le cláir TIL?</i></p>	<ul style="list-style-type: none"> • D'aithin gach aighneacht SL, MLCanna agus FIT. • Thagair cúpla ceann do LÉCSN, ECS.

<p>tuairim ar an inniúlacht lenar bhain siad amach a gcuid cuspóirí.</p>		
	<p><i>Cé chomh mór is a d'athraigh meascán an chaiteachais cláir le tamall?</i></p>	<p>Claonta ó 1994</p> <ul style="list-style-type: none"> • Chuir an Stát ardú mór ar an méid a chaith siad ar Sochar Linbh. Ba é MLCanna an íocaíocht ba mhó ann féin i 1994. Tháinig ardú ar íocaíochtaí leasa ó 6.9% den OTI i 1994 go dtí 9.6% den OTI i 2008. (IBEC) • Ina iomláine, ó 1994 tá roinnt claonta i dTacaíochtaí Ioncam Linbh gur fiú aird a thabhairt orthu: <ul style="list-style-type: none"> ○ Ardú suntasach ar thacaíochtaí nach bhfuil dírithe ar pháistí tríd an íocaíocht Sochar Linbh (ar bhealach le heaspa seirbhísí do pháistí a thaispeáint); ○ Ardú sa líon a ghlacann FIT, go háirithe ó 2004 (tá ceangal aige seo le tionscnaimh DSFA chun cur le heolas); mar sin féin tá an líon a dhéanann iarratas ar FIT íseal go fóill; ○ Tabhairt isteach na híocaíochta MLCanna an athuir, agus gur ardaíodh é i mBuiséad na bliana 2010 le cúiteamh ar ioncam a cailleadh de bharr laghdú ar íocaíocht Ioncam Sochar Linbh; agus ○ Laghdú ar ráta bochtaineacht linbh de níos mó ná 4%, idir 2005 agus 2008, ó 10.7% go dtí 6.3%. (Alliance) • Claonta sonracha 1994-2004 <ul style="list-style-type: none"> ○ Tugadh Sochair Cánach (Cúramóir Teaghlaigh & Teaghlach Aontuismitheora) isteach chun cabhrú le cineálacha áirithe teaghlaigh le costais páistí; ○ Tháinig níos mó ná dúbailt ar aistrithe airgid teagmhasacha linbh i dtéarmaí réalacha (ainneoin laghdú ar dhaonra iomlán pháistí na tíre); ○ D'ardaigh an cion de chaiteachas iomlán an DSFA a caitheadh ar aistrithe airgid teagmhasacha linbh ó 16% go dtí 20%. ○ Bhíothas ag caitheamh níos mó ar MLCanna i 1994 ná ar Sochar Linbh ach ní raibh sé ach cothrom le 17% den chaiteachas ar Sochar Linbh i 2004 agus 21% i 2009. (Alliance)

	<p>Ó pholasaí go hanailís leibhéal cláir: Cé na hathruithe sonracha a d'fhéadfaí a dhéanamh ag leibhéal cláir chun feabhas a chur ar a n-éifeacht agus a n'inniúlacht?</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Cé go gcomhlíonann SL roinnt cuspóirí, d'fhéadfadh leasú agus nascáil le hioncam teaghlaigh na cuspóirí atá socruithe a bhaint amach agus ag an am céanna níos mó acmhainní a chur ar fáil do sheirbhísí linbh nó go mbeadh na hacmhainní seo dírithe ar theaghlaigh le hioncam íseal. Leis an gcur chuige seo d'fhéadfadh comhábhar a bheith i SL a íocfaí le gach teaghlach (ag tabhairt aitheantais don tábhacht atá sa tsochaí le tógáil páistí) agus an chuid eile den íocaíocht a bheith de réir ioncaim. (IBEC) • D'fhéadfadh nasc a bheith ag an leibhéal íocaíochta le hinnéacsanna áirithe, cosúil lena raibh leagtha amach sa chomhaontas i dTreo 2016, agus go bhféadfaí athrú a dhéanamh air de réir mar a thiocfadh feabhas ar na hinnéacsanna sin. (IBEC) • FIT agus MLCanna a chónascadh in aon íocaíocht amháin, agus go bhféadfaí iad a dhíriú ansin ar na teaghlaigh is mó a bheadh i ngátar. Chiallódh sé seo go bhfaigheadh teaghlaigh a bheadh ar ioncam íseal tacaíochtaí is cuma iad a bheith fostaithe nó ag fáil íocaíochtaí leasa. Modh níos cothroime a bheadh anseo lena chinntiú go bhfaigheadh an dream a mbeadh an gá is mó acu le hairgead an tacaíocht airgid a theastaíonn. (ISPCC) • Tá sé deacair an struchtúr reatha a chur i bhfeidhm, tá sé costasach ó thaobh ama agus riaracháin de agus ba chóir scrúdú a dhéanamh ar chórais a bheadh níos lárnaí agus uilíoch. (ISPCC) • Níor chóir aon tacaíocht ioncaim a bhfuil glactha leis go bhfuil sé éifeachtach agus inniúil a athrú nó go mbeifear cinnte cén bealach lena dhéanamh níos éifeachtaí agus níos inniúla. Ba chóir aon athruithe a bheadh molta a chur faoi bhráid na gcineálacha cláir samplacha socheacnamaíochta atá dá n-úsáid i dtíortha eile, ar nós na Stáit Aontaithe, chun torthaí costais tairbhe díreacha agus indíreacha a bheadh ar athruithe ar ioncaim, a mheas. (Cúram) • Ní mór toil pholaitiúil dearfa a bheith le haon leasú lena chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm go hiomlán na hathruithe a thabharfaidh an córas aistrithe sóisialaí a bhfuil baint ar leith aige le páistí agus teaghlaigh cothrom le dáta, ag cur an pháiste agus a c(h)uid riachtanais i lár na dtacaíochtaí a forbraíodh. (Barnardos) • Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras íocaíochta iomlán le súil íocaíochtaí TIL a leasú. (IBEC) <ul style="list-style-type: none"> ○ Leasú a dhéanamh ar íocaíocht Sochar Linbh chun go mbeidh gaol aige leis an leibhéal ioncaim atá ag an teaghlach. (IBEC) ○ Íocaíocht amháin a chur in áit MLCanna agus FIT do theaghlaigh atá ar ioncam íseal, agus gur féidir leo teacht air fiú má bhíonn siad ag obair. (IBEC)
--	---	--

	<p><i>Tuairim ar an inniúlacht lenar bhain siad (na cláir) amach a gcuid cuspóirí.</i></p>	<p>Forbhreathnú</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ní meicníochtaí cuí iad na huirlisí reatha a dhíríonn tacaíocht ioncam linbh ar líonta tí ar ioncam íseal chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht linbh go hinniúil agus go héifeachtach.. (Alliance) <p>Sochar Linbh</p> <p><i>Buntáistí Uilíochta</i></p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Faigheann gach teaghlach sochar linbh is cuma cén t-ioncam atá ag an teaghlach. Ós rud é go bhfuil sé uilíoch ghlacfadh níos mó teaghlaigh leis mar níl aon smál ag baint le sochar linbh a fháil. (IBEC) ○ Íoctar sochar linbh is cuma an bhfuil an ball teaghlaigh fostaithe nó nach bhfuil. (IBEC) ○ Is aitheantas é gur coinníodh Sochar Linbh mar íocaíocht uilíoch ar an luach agus costas a bhaineann le páistí a thógáil. Is íocaíocht mhíosúil í do theaghlaigh le páistí, bunaithe ar chomhionannas cothrománach, rud a théann chun sochair do gach páiste sa tír, nach mór. (Barnardos) ○ Tá sé éasca do dhaoine é a thuiscint agus níl aon smál ag baint leis. (Alliance) ○ Tá an ráta céanna le fáil ag daoine atá ag obair nó ar leasa shóisialaí, agus d'aontuismitheoir nó do lánúineacha. (Alliance) ○ Íoctar é mar íocaíocht airgid díreach. (Alliance) ○ Caithfear cur isteach air ach ní cosúil gur aon bhac é an próiseas iarratais. (Alliance) <p><i>Mibhuntaistí Uilíochta</i></p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Cé go bhfuil ardú suntasach tagtha air le roinnt blianta, b'fhéidir go bhfuil an tionchar atá aige ar bhochtaineacht linbh teoranta, de bharr ar bhealach, an nádúr uilíoch atá leis an íocaíocht, rud a chiallaíonn nach bhfuil sé dírithe ar theaghlaigh ar ioncam íseal. (IBEC) ○ Ní dhíríonn na tacaíochtaí ioncam linbh mar atá siad faoi láthair ar na páistí is boichte laistigh dár sochaí. Ní thugann Sochar Linbh leis féin dóthain tacaíochta do pháistí i dteaghlaigh ar ioncam íseal. (Inclusion Ireland) ○ Ní thugann Sochar Linbh leis féin dóthain tacaíochta do pháistí i dteaghlaigh ar ioncam
--	--	---

		<p>íseal. (Alliance)</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Ní leor ann féin é mar bheart frith-bhochtaineachta. (Alliance) ○ Mar gheall ar an nádúr atá le SL, nach bhfuil sé dírithe ar aon dream, ciallaíonn sé nach dtugann sé tacaíocht dáiríre do pháistí sna teaghlaigh is boichte. (Alliance) <p><i>Leibhéal Íocaíochta/Costais</i></p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Níl aon aontú ar cén leibhéal costais a bhaineann le tógáil páistí ar chóir sóisialú a dhéanamh air. (IBEC) <p><i>Gearradh Cánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Mhol roinnt tuairiscí gur chóir leasú a dhéanamh ar an gcóras sochar linbh. Mhol tuairisc an choimisiúin ar cháin gur chóir sochar linbh a bheith inchánaithe. (IBEC) <p><i>HRC</i></p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Ba chóir breathnú ar an ngnáth choinníoll cónaitheach arís chun go dtabharfaí tacaíocht do gach páiste sa Stát. (ISPPC) ○ Ba chóir gur íocaíocht uilíoch a bheadh i Sochar Linbh agus go dtabharfaí é do thuismitheoirí páistí atá ag lorg tearmainn. (SVP) <p><i>Coinníollacha a bhaineann le haois</i></p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Tá sé soiléir go dteipeann ar Sochar Linbh idirdhealú a dhéanamh idir aoiseanna na bpáistí atá i gceist, go deimhin clúdaíonn sé páistí nua bheirthe, lapadáin, páistí réamhscoile, bunscoile agus dara leibhéal. Caithfidh tuiscint a bheith ann go mbíonn costais dhifriúla ar theaghlach le cailín deich mbliana agus buachaill cúig bliana déag. (VPSJ)¹⁶² <p><i>Oideachas</i></p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Tá deis ann le sochar linbh teaghlach atá ar ioncam íseal a spreagadh le go gcoinneoidís
--	--	--

¹⁶² VPSJ – Vincentian Partnership for Social Justice.

		<p>páiste laistigh den chóras oideachais in ionad dul isteach san fhórsa oibre sula mbeadh an Ardteistiméireacht críochnaithe aige/aici. (VPSJ)</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Cabhraíonn Sochar Linbh le tuismitheoirí ó thaobh costais oideachais de agus mar sin b'fhéidir nach mór a aithint go bhfuil gá le cabhrú le páiste scoile as teaghlach ar ioncam íseal. Tá oideachas ar cheann de na bealaí chun éalú as gaiste na bochtaineachta agus mar sin tá gá le tacaíocht nó córas a fhorbairt. Ba chóir cultúr na tacaíochta chun fanacht in oideachas a bheith ag rith i gcomhar le tacaíochta roghnacha eile atá ar fáil ar nós liúntas éadach agus bróga. (VPSJ) <p>MLCanna</p> <p><i>Íocaíocht Dírithe</i></p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Tá na MLCanna dírithe go maith má ghactar leis go n-íoctar é ar son formhór na bpáistí is boichte sa Stát. (IBEC) ○ Ba chóir MLCanna a leathnú chun gach teaghlach ar ioncam íseal a chur san áireamh in áit a bheith dírithe ar theaghlaigh laistigh den chóras leasa amháin. (ISPCC) <p><i>Dídhreasacht oibre</i></p> <ul style="list-style-type: none"> ○ B'fhéidir go mbeadh dídhreasacht ann dul ag obair mar go mbeadh gá ag teaghlaigh móra le pá níos mó chun cúiteamh a fháil de bharr MLCanna a chailleadh. (IBEC) ○ San am a caitheadh bhí baint ag MLCanna le gaistí bochtaineachta a chruthú agus mar dídhreasachta do dhaoine le páistí a bheadh ag athrú ó leasa go hobair. (SVP) ○ Dá gcuirfí ardú ar Mhéaduithe i leith Linbh Cháilithe, d'fhéadfadh sé dídhreasacht a chruthú. (Inclusion Ireland) ○ Tá contúirt ann dá gcuirfí ardú ar MLCanna go gcruthódh sé dí dhreasacht fostaíochta. (Alliance) ○ D'fhéadfadh MLCanna dídhreasacht fostaíochta a chruthú agus mar gheall ar sin bhí a luach reoite ar feadh roinnt mhaith blianta. Tá laghdú tagtha ar an tábhacht a bhaineann le MLCanna mar fhoinsé iomlán ioncaim teaghlaigh ó na naoi déag nóchaidí. (Alliance) <p><i>Ó Leasa go hobair – Níl aon aistriú uathoibríoch go FIT</i></p>
--	--	--

		<ul style="list-style-type: none"> ○ Nuair a fhágann duine fásta an córas leasa shóisialaí stopfar an íocaíocht (níl aon aistriú uathoibríoch go FIT). (IBEC) ○ Ní íoctar MLCanna ach nuair atá duine fásta a bhfuil páiste faoina c(h)úram incháilithe d'íocaíocht leasa shóisialaí. Má athraíonn an duine seo ó leasa shóisialaí chun glacadh le fostaíocht tagann deireadh leis an MLCanna. Níl aon idirthréimhse uathoibríoch chuig FIT nó aon chineál tacaíochta ioncaim linbh eile. (Alliance) <p><i>Leibhéal íocaíocht</i></p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Ba chóir ardú a chur ar MLCanna mar íocaíocht dírithe ar pháistí i dteaghlaigh atá ag brath ar leasa shóisialaí. Ba chóir arduithe i MLCanna a bheith i gcomhréir le harduithe ar thairseach an Fhorlíonadh Ioncaim Teaghlaigh chun luach saothair a thabhairt do theaghlaigh atá ag obair ar ioncam íseal. (SVP) ○ Tá gá le cur chuige difriúil seachas amháin MLCanna a ardú. D'fhéadfadh sé seo gaistí bochtaineachta a chruthú agus mí chothromaíocht a chruthú idir cineálacha difriúla teaghlaigh. (Focus) <p>FIT</p> <p><i>Castacht Íocaíochta</i></p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Tá sé deacair é a thuiscint agus tá fadhbanna le cumarsáid. (IBEC) ○ Tá sé casta agus tá sé deacair a ríomh cé mhéad a gheobhaidh duine. (IBEC) ○ Tá Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh casta agus ní chuireann mórán isteach air. (Inclusion Ireland) ○ Tá sé deacair a dhéanamh amach cé mhéid gur féidir le daoine a fháil ó FIT. Ó 2005, tá an ríomh ar thairseacha faighte níos casta. (Alliance) <p><i>Iarratas íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Tá an t-iarratas air íseal mar gheall ar bhealach nach íocaíocht uathoibríoch é FIT agus mar gheall go mb'fhéidir nach mbeadh foireann sásta iarratas a phlé lena gcuid fostóirí. (IBEC) ○ Tá an scéim anásta go maith, agus mar sin ní mórán a dhéanann iarratas air. Caithfidh fostaithe dul chuig a gcuid fostóirí agus iarratais atá sonraitheach go maith a fhorlíonadh i
--	--	--

		<p>gcomhair an fhorlíonadh ioncaim. (ISPCC)</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Is deacair teacht air, níl aon solúbthacht ann agus níl mórán ag cur isteach air, rud a laghdaíonn ar an éifeacht a bhaineann leis lena chuid cuspóirí a bhaint amach. D'fhéadfadh an cumas a bheith leis an íocaíocht laghdú suntasach a chur ar bhochtaineacht linbh dá gcuirfeadh gach a mbeadh i dteideal isteach air. Ba chóir FIT a íoc go huathoibríoch do thuismitheoirí incháilithe. D'fhéadfaí é seo a úsáid mar bhealach píolótach le heolas a roinnt idir an córas cánach agus an córas leasa. (SVP) ○ Tá FIT casta ón nádúr atá leis agus níl mórán ag cur isteach air. (Alliance) ○ Níl mórán ag cur isteach fós ar FIT, cé go bhfuil feabhas air ó 2003 (mar thoradh ar thionscnaimh le méadú ar eolas a rinne an Roinn Gnóthaí Sóisialaí agus Teaghlaigh). (Alliance) <p><i>Eisiatacht dhaoine féin-fhostaithe</i></p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Ní féidir le daoine féin-fhostaithe cur isteach air is cuma cén t-ioncam atá acu. (IBEC) ○ Níl gach oibrí ar ioncam íseal i dteideal FIT. Ní féidir le daoine féin-fhostaithe, mar shampla, cur isteach air. (Alliance) <p><i>Coinníoll Líon Uaireanta</i></p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Is íocaíocht thábhachtach í FIT do theaghlaigh ar ioncam íseal. Mar sin féin níl an cuntar go gcaithfidh duine a bheith ag obair 19 uair sa tseachtain ar a laghad oiriúnach san aeráid eacnamaíochta atá ann faoi láthair. Ba chóir d'aon tacaíochtaí ioncam linbh cuimhneamh ar an nádúr neamhchinnte atá le fostaíocht i láthair na huair. Ní mór tacaíochtaí ioncaim a bheith curtha ar fáil a mbeidh solúbthacht leo agus a chabhraíonn le teaghlaigh a bhfuil laghdú tagtha ar a gcuid uaireanta oibre. Ní mór do thacaíochtaí ioncaim a bheith solúbtha agus a bheith in oiriúint do choinníollacha oibre dhaoine agus don aeráid eacnamaíochta reatha. (VPSJ) <p><i>Leibhéal íocaíochta</i></p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Trí FIT a ghearradh go háirithe orthu siúd a oibríonn go lánaimseartha (agus) a íocann táillí cúram linbh príobháideach lánaimseartha laghdófar ar na sochair a bhaineann le hobair agus fágfar roinnt mhaith thuismitheoirí aonair i ngaiste bochtaineachta sa chaoi go mbeidh
--	--	--

		<p>siad níos fearr as a bheith ar leasa shóisialaí ná ag obair. (VPSJ)</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Dreasacht atá ann do thuismitheoirí ar ioncam íseal le glacadh leis nó sin fanacht ag obair, i gcúinsí go mb'fhéidir go mbeidís beagán beag níos fearr as ná dá mbeidís ar leasa shóisialaí. (Alliance) <p><i>Próiseas iarratais – ról an fhostóra</i></p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Níl íocaíochtaí FIT uathoibríoch. Caithfidh an fostaí cur isteach air agus ansin caithfidh siad an fhostóir a fháil le foirm iarratais fada a fhorlónadh. (Alliance) ○ Níl FIT leochaileach maidir le caidrimh fhostóir/fostaí, go háirithe i luath staid na fostaíochta: caithfidh fostaí nua eolas a chur ar fáil dá bhfostóir ar riachtanais agus maoin a dteaghlach, agus iarraidh ar an bhfostóir glacadh leis an bpróiseas iarratais ar FIT. (Alliance) <ul style="list-style-type: none"> ● Forlónadh Luathchúraim Leanaí <ul style="list-style-type: none"> ○ Iarracht a theip air a bhí san Fhorlónadh Luathchúraim Leanaí le tacú le teaghlach le costas seirbhísí oideachais agus luathchúram. Ba chéim dhearfach a bhí sa Réamhscóilbhliain Saor a tháinig ina áit. Mar sin féin, bhí an tionchar iomlán a bhí ag an Réamhscóilbhliain Saor ar inacmhainneacht teoranta. (Start Strong) ● Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua <ul style="list-style-type: none"> ○ Cé go dtugann an LECSN roinnt cúnaimh do thuismitheoirí le híoc as earraí riachtanacha ar nós cultacha agus bróga scoile, níl dóthain ann leis na costais sin atá ag ardú i gcónaí a ghlánadh. Bíonn dúshlán sách mór ag cuid mhaith thuismitheoirí íoc as leabhair scoile. Ba chóir Scéim Uilíoch Iasachta Leabhar a thabhairt isteach a chuirfeadh leabhair ar fáil do gach páiste scoile le go mbeadh na seansanna céanna ag páistí atá ina gcónaí faoi mhíbhuntáiste. (Barnardos) ○ Tá fáilte roimh na n-arduithe ar an Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua agus ar an Scéim Béile Scoile. Mar sin féin tá cáineadh ar an easpa tacaíochta inmharthana le
--	--	--

		costais scoile (m.sh Scéim Iasachta Leabhar). (Alliance)
	<i>Cén costas a bhaineann leis na tacaíochtaí sin a sheachadadh agus céin chomparáid atá eatarthu sin le costas cláir coibhéiseacha in áiteanna eile?</i>	
C. Éifeachtacht: Meáigh cé chomh maith is a baineadh amach cuspóirí polasaí agus an bhféadfaí iad a bhaint amach níos éifeachtaí trí mhalairt meascán caiteachais cláir.	<i>Céard iad na táscairí cuí ar thorthaí a bhféadfaí feidhmíocht a mheas ina aghaidh?</i>	<ul style="list-style-type: none"> • Íocaíochtaí TIL mar chion de chostas páiste. (SVP) • Cur chuige Íosmhéid Buiséid Riachtanach. (VPSJ)
	<i>Cén chaoi ar tháinig athrú ar na táscairí sin thar thréimhse an mheasúnaithe?</i>	<ul style="list-style-type: none"> • I gcomhthéacs an fháis láidir eacnamaíochta agus fostaíochta in Éirinn ó 1995 agus na n-arduithe móra i dTacaíochtaí Ioncam Linbh ó 2001, níl na torthaí maidir le bochtaineacht linbh sásúil. (Alliance)
	<i>An bhfuil malartú agus/nó comhfhreagracht idir na comhábhair difriúla?</i>	
	<i>An bhféadfaí torthaí cosúil leo a</i>	

	<i>bhaint amach ó mheascán difriúil ionchuir cláir?</i>	
	<i>Cé chomh mór is a bheadh claonta sna hionchuir cláir cuí mar mhíniú ar na claonta sin?</i>	
D. Tionchar: Meáigh an tionchar níos leithne a bheadh ag polasaí agus ag cláir a bhaineann leo don sochaí thar an meán téarma nó go fadtéarmach.	Cén chaoi a luíonn na cláir isteach le cláir polasaí poiblí cuí eile?	<ul style="list-style-type: none"> • Ba chóir go mbeadh tacaíochtaí ioncam linbh mar chuid de phlé níos leithne ar an riachtanas ar réimse leathan tacaíochtaí do pháistí agus dá dteaghlaigh – plé a chlúdódh seirbhísí do pháistí agus do theaghlaigh. (Start Strong) • Ba chóir an t-athbhreithniú TIL reatha a bheith mar chuid de phlé níos leithne timpeall an riachtanais ar réimse iomlán tacaíochta do pháistí agus dá dteaghlaigh ach ní mór dó freisin a bheith mar chuid den phlé ar an gcruith a bheadh ar Phlean Náisiúnta Luathóige. (Start Strong) • Tá gá le tacaíochtaí ioncam linbh agus daoine fásta i gcomhar le rochtain ar sheirbhísí ar chaighdeán maith i dtithíocht, in oideachas, i sláinte agus i gcúram linbh chun deireadh a chur le bochtaineacht linbh. (SVP)
	<p><i>Céard iad na tionchair fadtéarmacha a bheadh ar thairbhíthe ceaptha?</i></p> <p><i>Céard iad na héifeachtaí socheacnamaíocha níos leithne a bheadh ar pholasaí agus cláir a ghabhann leis?</i></p> <p><i>An bhfuil fothorthaí nach raibh ceaptha leis an gclár?</i></p> <p><i>Céard iad na tionchair polasaí cuí</i></p>	<p>Seirbhísí Uilíocha a Chur ar Fáil</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ní mór díriú ar sheirbhísí uilíocha a chur ar fáil. B'fhéidir go gcuirfeadh tacaíocht ioncaim atá dírithe maolú ar an gcruatan atá faoi láthair ar theaghlaigh bochta sa ghearrthéarma, mar sin féin ní leigheas fadtéarmach é agus ní thabharfaidh sé luach ar airgead go fadtéarmach maidir leis an toradh a bheadh ann do pháistí in Éirinn. (Joint) • Tá seans ann cuid den mhaoiniú atá dá úsáid chun seirbhís a chur ar SL a athdhíriú isteach i soláthar seirbhíse. (IBEC) • Tá sé soiléir go bhfuil gá ann le feabhas a chur ar sheirbhísí poiblí do pháistí agus do theaghlaigh. Má chuirtear seirbhísí inrochtana atá dírithe ar an bpáiste ar fáil do pháistí chomh maith le seirbhísí tacaíochta teaghlaigh, leibhéal mhaith íocaíochtaí leasa shóisialaigh do dhaoine fásta, tithíocht chúí, roghanna ar chúram maith leanaí agus áiseanna oideachais cabhróidh sé seo le páistí a thabhairt amach as ghaiste na bochtaineachta. (ISPCC)

	eile?	<p>Tacaíochtaí Cúram Linbh, Oideachais agus Fostaíochta</p> <ul style="list-style-type: none"> • Á mbeadh ardú suntasach ar infheistíocht poiblí i seirbhísí cúraim agus oideachais d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith aige ar an gcuspóir le 'bochtaineacht a laghdú ar bhealach a dhéanfadh íoslaghdú ar dhí-dhreasacht chun fostaíochta' chomh maith leis an gcuspóir cabhrú le teaghlaigh maidir le costais cúram linbh. (Start Strong) <ul style="list-style-type: none"> ○ Ba chóir go mbeadh, ní amháin seirbhísí luathchúraim agus luathoideachais lasmuigh den teach ann do pháistí ach ba chóir go mbeadh tacaíochtaí ann do theaghlaigh freisin, ó tá an fhianaise ann go bhfuil an timpeallacht foghlamtha baile ar cheann de na factóirí is tábhachtaí le forbairt páistí a chinntiú. (Start Strong) ○ Tá sé riachtanach go ndéanfaí tuilleadh infheistíochta poiblí i seirbhísí cúraim agus oideachais do pháistí óga má táthar le cabhair éifeachtach a thabhairt do theaghlaigh faoi choinne costais seirbhísí luathchúraim agus luathoideachais. (Start Strong) • Bheifí in ann an cuspóir le tacaíocht i gcomhair costais cúram linbh a thabhairt chun críche níos fearr dá gcuirfí cúram linbh a bheadh ar fáil go huilíoch, a bheadh inacmhainne, a bheadh inrochtana agus a bheadh ar chaighdeán maith, chomh maith le cúraim tar éis-scoile, dá gcuirfí iad seo ar fáil do gach páiste. Thabharfadh sé seo deis do shochar linbh díriú níos mó ar an gcuspóir frithbhochtaineachta atá aige. (SVP) • Ba chóir go mbeadh luathchúram agus luathoideachas linbh dírithe ar sheirbhís ar ardchaighdeán a thacaíonn le forbairt agus dea-bhail páistí. Tá an easpa cúram linbh inacmhainne do pháistí faoin aois a mbeidís cáilithe don bhliain saor réamhscoile mar cheann de na dúshláin is mó do thuismitheoirí atá ag iarraidh dul isteach sa mhargadh oibre. Ní mór seirbhísí cúram linbh a bheidh cuimsitheach, uilíoch, saor agus ar chaighdeán ard a fhorbairt do pháistí uileis na hÉireann chun freastal ar riachtanais pháistí agus a dteaghlaigh. (Barnardos) • Níl baol ar dóthain córais tacaíochta ann in Éirinn le deis a thabhairt d'aontuismitheoir ar ioncam íseal dul isteach san fhórsa oibre nó dul ar ais chuig oiliúint nó oideachas gan cur isteach ar shochair rialtais atá ann cheana. Tá tacaíochtaí cúram linbh bunúsach: moladh amháin ná go bhféadfaí cáin ar féidir a éileamh ar ais a chur ar chostais cúram linbh nuair is aontuismitheoir ar ioncam íseal í/é an duine. (VPSJ) • Leathnaigh amach soláthar réamhscoile chun páistí 3 bliana nó os a chionn a chlúdach. (Joint)
--	-------	--

		<ul style="list-style-type: none"> • Tabhair aghaidh ar na gaistí bochtaineachta, ar chúram linbh agus ar chonstaicí eile a chuireann bac ar chuid mhaith aontuismitheoirí aistriú ó leasa chuig obair inmharthana; agus ná tabhair isteach gníomhachtú éigeantach ar aontuismitheoir nó go mbeidh na constaicí sin ar a laghad tógtha as an mbealach agus go gcuirfear go mór le deiseanna fostaíochta. (Joint) • Cinntigh go bhfuil dóthain áiteanna ar fáil i gcomhair traenála, ath-traenála agus oideachais chun tacú leo siúd atá dífhostaithe faoi láthair chun teacht ar na scileanna cuí a chabhróidh leo fostaíocht inmharthana a fháil. (Joint) <p>Tacaíochtaí eile m.sh sláinte, tithíocht srl.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Glao le plé-pháipéar tras-ranna ar ‘Torthaí Dearfacha a Bhaint Amach do Pháistí trí Bhochtaineacht agus Eisiatacht Sóisialta a Laghdú’ a ullmhú, rud a bheadh mar bhunús ar phlé réimse leathan le páirtithe sóisialta, le hEagraíochtaí Neamhrialtais agus leis an sochaí sibhialta mar gheall ar cén treo a bhfuil Éire ag dul chun todhchaí dearfach a chinntiú do pháistí uileis na tíre. Chiallódh sé seo breathnú ar pholasaí teaghlaigh agus páistí, ar an margadh oibre, ar shláinte agus ar pholasaithe eile ar bhealach comhordaithe. (Joint) • Ba chóir acmhainní a chur isteach i dtacaíochtaí coisctheacha do thuismitheoirí, le gur féidir leibhéal struis thuismitheoirí a laghdú agus gur féidir somheanma teaghlaigh a fhorbairt. (ISPCC) • Tá sé bunúsach tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thacaíochtaí maidir le hoideachas, sláinte agus tithíocht agus feabhas a chur orthu chun dul i ngleic le bochtaineacht linbh in Éirinn. (Barnardos) • Tagann cuid mhaith gaistí bochtaineachta do theaghlaigh de bharr srianta ar chártaí leighis agus cuireann sé cosc ar roinnt mhaith teaghlaigh imeacht ó leasa shóisialaí go hobair. Ba chóir, go hidéalach an cárta leighis a leathnú le páistí faoi bhun 8 mbliana as gach teaghlach a chlúdach. (Barnardos) • Aistrigh teaghlaigh atá ina gcónaí i lóistín ar cíos ó Fholíonadh Cíosa go dtí an Scéim Lóistín Cíosa tar éis sé mhí in ionad bliana. (Barnardos) <p>Cáin agus Leas</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ba shampla ar Rialtas ag gníomhú a mbeadh ceangal ann a bheadh i gcomhtháthú (páirt) straitéiseach cánach agus leasa. (Alliance)
--	--	--

		<ul style="list-style-type: none"> • A mbeadh na córais cánach agus leasa ag obair le chéile thaispeánfadh sé tiomantas an Rialtais don timthriall saoil, ba chomhartha é ar imeacht ón déscaradh traidisiúnta ar dhaoine mar ‘cáin íocóirí’ nó ‘faighteoirí leasa’ agus in áit sin, a thaispeáint go mbíonn daoine sa dá staid in amanna difriúla ina saol. (Alliance)
<p>E. Ábharthacht Leanúnach: Déan measúnú ar cé chomh mór is atá sé tuillte ag na cuspóirí maoiniú poiblí a dháileadh ar bhunús reatha agus leanúnach agus scrúdaigh an scóip i gcomhair malairt polasaí nó an cur chuige eagraíochtúil leis na cuspóirí sin a bhaint amach ar bhunús níos inniúla nó níos éifeachta (ar nós trí chomparáid idirnáisiúnta.)</p>	<p><i>Cén chosaint atá le déanamh ar dháileadh leanúnach mhaoiniú poiblí ar pholasaí TIL agus cláir a bhaineann leis?</i></p>	<ul style="list-style-type: none"> • Tá tacaíocht do pháistí i ngach teaghlach riachtanach ach teastaíonn tacaíocht bhreise ó theaghlaigh ar ioncam íseal. (SVP) • Tá gá le hairgead poiblí a dháileadh ar Thacaíocht Ioncam Linbh ar bhunús reatha agus leanúnach mar: <ul style="list-style-type: none"> ○ Ba chóir go n-íocfadh an Stát cion de chostas thógáil páistí. ○ Teastaíonn tacaíocht airgid bhreise ó pháistí atá ag fás suas i dteaghlaigh bochta. ○ Má dhéanann an Rialtas infheistíocht i dtacaíochtaí dírithe ar pháistí sábhálfaidh sé airgead a chaithfí ag déileáil le fadhbanna sóisialta thar am, agus tabharfaidh sé sochar níos leithne don tsochaí. (Alliance)
	<p><i>Cé na hathruithe i (i)bpolasaí iomlán i leith TIL, (ii) i meascán idir cláir sonracha (iii) i ndearadh agus in oibríocht chláir ar leith a chuirfeadh feabhas ar éifeachtacht agus ar thionchar polasaí agus cláir sa réimse seo?</i></p>	<p>Éifeachtacht úsáid reatha acmhainní</p> <ul style="list-style-type: none"> • Níl an córas reatha chun tacú le páistí ag obair chomh maith is a d’fhéadfadh sé. Dá ndéanfaí athruithe beaga ar an gcóras atá ann cheana d’fhéadfadh neamhchomhsheasmhachta agus torthaí nach dteastódh a bheith i réimsí eile. (SVP) • D’fhéadfaí a rá go bhfuil SL ag iarraidh an iomarca a dhéanamh. Níl sé inniúil mar bheart frith-bhochtaineachta agus níl dóthain ann leis féin le tionchar suntasach a bheith aige ar an ráta bochtaineachta linbh. (SVP) • Ba chóir aon athruithe eile ar thacaíochtaí ioncam linbh a dhéanamh mar chuid de phróiseas

		<p>leasaithe níos leithne le súil fáil réidh le bochtaineacht linbh, cosc a chur ar ghaistí bochtaineachta do theaghlaigh ar ioncam íseal agus luach a fháil ar airgead i gcaiteachas poiblí sa réimse seo. Ní bheadh muid i bhfabhar sochar linbh a ghearradh. Pé ar bith cé na tairbhí eile a d'fhéadfadh a bheith le sochar linbh a ardú, ní hé an bealach is inniúla ná is éifeachtaí é chun fáil réidh le bochtaineacht linbh.. (Focus)</p> <ul style="list-style-type: none"> • Níl an chuid is mó de chaiteachas reatha an Rialtais ar Thacaíochtaí Ioncam Linbh (trí scéim sochair linbh) dírithe agus mar sin ní bhaineann sé amach na cuspóirí seo a leanas de chuid na Roinne: <ul style="list-style-type: none"> ○ Tosaíocht a thabhairt do theaghlaigh ar ioncam íseal maidir le hacmhainní breise a dháileadh. ○ Cóir comhionann a thabhairt do theaghlaigh ar ioncam íseal. (Inclusion Ireland) <p>Leorgacht nó leibhéal íocaíochta/tacaíochta</p> <ul style="list-style-type: none"> • Sochar linbh a choinneáil ag an leibhéal a bhfuil sé ann faoi láthair nó go dtarlóidh an t-athbhreithniú atá molta againn le gealltanais é a thabhairt ar ais go dtí leibhéal 2009 mura ndéanfar leasuithe eile. (Joint) • Machnaigh ar féidir na cláir caiteachais a leasú chun leibhéal tacaíochta níos fearr a thabhairt, agus ag an am céanna leanúint leis an tsábháil nó ag cur sábháil ar fáil don státchiste. (IBEC) • Níor chóir laghdú a dhéanamh ar an leibhéal iomlán infheistíochta i dtacaíochtaí ioncam linbh mar bheart ghearrthéarmach chun costais a shábháil. (Start Strong) • Ní thugann an moladh i dtuairisc McCarthy 20% laghdú a dhéanamh ar Sochar Linbh (á laghdú ó €166 sa mhí go €136 sa mhí) san áireamh go bhfuil easnamh seachtainiúil ar chuid mhaith teaghlaigh cheana, go mór mór teaghlaigh le hógánaigh. Bheadh tionchar diúltach ag laghdú i Sochar Linbh díreach ar theaghlaigh atá ag streachailt le cóipeáil cheana ainneoin gur thit praghsanna earraí agus seirbhísí i 2009. Nuair a bheidh an Rialtas ag meas cé na réimsí inar féidir leo sábháil a dhéanamh tá súil againn nach ndíreoidh siad orthu siúd nach bhfuil an tíoschaighdeán Maireachtála atá riachtanach acu. (VPSJ) • Ba chóir go mbeadh gach íocaíocht leasa shóisialaí agus beart tacaíochta ioncaim bunaithe ar an bhfíor chostas maireachtála. (VPSJ) • Ba chóir go mbeadh íocaíochta tacaíochta ioncam linbh dóthaineach do theaghlaigh ar ioncam íseal má tá siad le dul i ngleic le bochtaineacht linbh. (SVP)
--	--	---

		<p>Íocaíocht Dara Sraith</p> <ul style="list-style-type: none"> • FIT agus MLCanna a chónascadh isteach in aon íocaíocht amháin, agus go bhféadfaí ansin é a dhíriú ar na teaghlaigh a bhfuil an riachtanas is mó orthu. Chiallódh sé seo go bhfaigheadh teaghlaigh ar ioncam íseal tacaíocht is cuma dá mbeidís fostaithe nó ar íocaíochtaí leasa shóisialaí. Bealach cothrom a bheadh anseo chun a chinntiú go bhfaigheadh an dream is mó a mbeadh ganntanas orthu ó thaobh airgid den tacaíocht airgid a bhfuil gá leis. (ISPPC) • Ba chóir íocaíocht amháin – an dara sraith- a bheith ann do theaghlaigh le páistí a bhfuil a n-ioncam faoi leibhéal áirithe. D’fhéadfadh an t-ioncam seo a theacht ó obair ar phá íseal nó ó íocaíocht leasa shóisialaí. Dhéanadh an íocaíocht dara sraith seo forlíonadh ar an íocaíocht sochar linbh atá ann cheana agus thiocfadh sé in áit an Méaduithe i Leith Linbh Cáilithe agus an Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh. Is é an t-údar atá leis an íocaíocht singil seo ná acmhainní breise a dhíriú ar an áit is mó a bhfuil gá leo, sé sin, ar pháistí sna teaghlaigh is boichte. D’íocfaí an íocaíocht seo le gach teaghlach ar ioncam íseal is cuma ar as obair nó leasa shóisialaí a thiocfadh an t-ioncam íseal sin. Léireodh íocaíocht dara sraith úsáid airgead phoiblí a bheadh níos dírithe agus céim i dtreo aidhm an Rialtais le deireadh a chur le bochtaineacht linbh. (Inclusion Ireland) • Fuair taighde a ndearna End Child Poverty Coalition coimisiúnú air amach dá dtabharfaí isteach íocaíocht dara sraith le cur in áit an Fhorlíonadh Ioncaim Teaghlaigh agus Méaduithe i Leith Linbh Cáilithe nach mbainfeadh sé amach na cuspóirí a bhí aige, sé sin a chinntiú go mbeadh gach páiste i líonta tí ar ioncam íseal slán ó bhochtaineacht mar: <ul style="list-style-type: none"> • Ní chuirfeadh sé feabhas ar dhreasachta oibre; bheadh gá le scéim iarmharach FIT chun iad siúd ar ioncam íseal a chosaint. • D’fhéadfaí tionchar dearfach a fháil do líonta tí ar leasa shóisialaí ar chostas níos éifeachtaí trí íocaíochtaí a bheadh dírithe.. • D’fhéadfaí sochair níos mó a fháil do theaghlaigh ar phá íseal trí scéim FIT a fheabhsú. (End Child Poverty Coalition)
--	--	---

		<p>Ag díriú TIL ar theaghlaigh ar ioncam íseal</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ba chóir tacaíochtaí ioncaim linbh a dhíriú ar theaghlaigh ar ioncam íseal agus cosaint a thabhairt do pháistí a bhfuil bochtaineacht ag bagairt orthu. Is é an t-easnamh i sochar linbh maidir le díriú den príomhchúram. Cé go bhfuil acmhainní suntasacha curtha ar fáil do shochar linbh tá sé tábhachtach go mbeidh sé seo dírithe ar ioncaim íseal lena chinntiú go mbeidh tionchar ag acmhainní ar bhochtaineacht linbh agus teaghlaigh. (IBEC) <p>Dreasachta oibre</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cinntigh nach gcruthaíonn an córas leasa shóisialaí dídhreasachta le dul ar ais ag obair. I gcúinsí áirithe, d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar MLCanna nach rachadh oibríthe dóchúla ar ais chuig an margadh oibre mura dtabharfaí deiseanna fostaíochta tuarastail le cúiteamh a dhéanamh ar shochair leasa shóisialaí. Tá gá le leasú phráinneach ar an gcóras leasa shóisialaí lena chinntiú go mbeidh dreasacht láidir ann le dul ag obair nuair a thosóidh an eacnamaíocht ag feabhsú. (IBEC) <p>Indibhidiúlú an Chórais Cánach agus Leasa</p> <ul style="list-style-type: none"> • Indibhidiúlú iomlán san fhadtéarma ar chórais Cánach Ioncaim agus Leasa Shóisialaigh. (Treoir) • Ba chóir tacaíocht Rialtais a bheith dírithe ar pháistí. Faoi láthair tá tacaíocht sa chóras Cánach Ioncaim dírithe ar theaghlaigh agus tá sé éagsúil ar bhun stádas pósta, páirtí agus eacnamaíochta. Bheadh roinnt coigilt ann dá ndéanfaí indibhidiúlú iomlán ar an gcóras cánach ioncaim. Tá tacaíocht do pháistí leathnaithe amach thar Sochar Linbh , Méaduithe i Leith Linbh Cáilithe agus Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh sa chóras leasa shóisialaí. Trí indibhidiúlú a dhéanamh ar an dá chóras chuirfí tacaíocht shuntasach singil ar fáil go cothrom do pháistí. (Treoir) • D'fhéadfaí an íocaíocht nua atá molta d'ioncam íseal a chur ar aghaidh ar roinnt bealaí. Bealach amháin lena dhéanamh ná sochair cánach bhreise dóibh siúd atá ag obair faoi láthair agus íocaíocht díreach dóibh siúd ar sochar. Bheadh an íocaíocht gaolmhar leis an ioncam agus chaithfeadh sé a bheith de réir an ardaithe in ioncam teaghlaigh. D'fhéadfaí measúnú bliantúil
--	--	--

		<p>a dhéanamh air. Bheadh cur chuige ar trí staid ag baint leis ag an mbun leibhéal:</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Ag baint úsáide as an iarratas SL reatha chun sonraí a fháil a dhéanfadh nasc idir tuismitheoirí agus páistí, ○ D'oibreodh an R/GST agus an Stáitchiste le chéile chun an íocaíocht a riaradh mar shochar canach do theaghlaigh a bheadh ag obair, ○ Dhéanfadh an R/GST riaradh ar an íocaíocht do theaghlaigh nach mbeadh ag obair. (IBEC) <ul style="list-style-type: none"> • Ní mór costais a mbeadh baint acu le córais riaracháin nua a bhreithniú i gcomhthéacs na gcostais fadtéarmacha a bhainfeadh le faillí a dhéanamh maidir le bochtaineacht linbh. (Alliance) • Tá gá le himeascadh straitéiseach nó páirt-imeascadh ar chórais cánach agus leasa le córas leasa shóisialaí a bheadh níos solúbtha agus níos freagartha a bheith ann. (Alliance) <p>FIT agus íocaíochtaí Leasa Shóisialaí eile</p> <ul style="list-style-type: none"> • Chiallódh moladh McCarthy “nár cheart go mbeadh éilitheoirí a bheadh ag fáil buníocaíocht leasa shóisialaí gach seachtain incháilithe do scéim [Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh] ag teacht leis an bprionsabal, nuair is féidir é, gur aon bhuníocaíocht amháin a bheadh éilitheoirí ar leasa shóisialaí a fháil” dá gcuirfí i bhfeidhm é seo chiallódh sé nach mbeadh aontuismitheoirí a bheadh in obair lánaimseartha (ag an Íosrata náisiúnta pá) agus a mbeadh a gcuid páistí ag freastal ar chúram phríobháideach leanaí lánaimseartha in acmhainn Íoschaighdeán Maireachtála atá riachtanach a bheith acu. (VPSJ) • Go mbeadh teaghlaigh a bheadh ag fáil buníocaíocht leasa shóisialaí gach seachtain fós i dteideal an Fhorlíonadh Ioncaim Teaghlaigh. Murar amhlaidh ní bheadh aontuismitheoirí a bheadh ag obair go lánaimseartha (ag ráta an I.N.P.) agus a mbeadh a gcuid páistí i gcúram príobháideach lánaimseartha in acmhainn an íoschaighdeán maireachtála atá riachtanach a bheith acu. (VPSJ) <p>Athruithe eile</p> <ul style="list-style-type: none"> • Tá sé deacair an córas reatha a chur i bhfeidhm, tá sé costasach ó thaobh ama agus riaracháin de agus caithfear córais uilíocha a scrúdú. (ISPCC) • In áit rochtain ar Sochar Linbh a bheith srianta, ba chóir é a athrú agus a leathnú le tacaíocht níos fearr a thabhairt do pháistí agus do theaghlaigh. Dá mbeadh an córas reatha níos
--	--	---

		<p>freagartha do na páistí agus do na teaghlaigh atá rannpháirteach ann, b'fhéidir go bhféadfaí feabhas mór a chur ar na torthaí a bhaineann le tógáil páistí. Chuige sin moladh córas Sochair Cánach chun torthaí agus sábháilteacht do pháistí a fheabhsú agus deiseanna a thabhairt i gcomhair taighde. (Cúram)</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ba chóir Liúntas Tuismitheora a thabhairt isteach i lár-téarma mar atá molta i bPlécháipéis an Rialtais – Moltaí chun Tacú le Aontuismitheoirí. (Treoir) • Go mbeadh ceangal ag Sochar Linbh agus Méaduithe i Leith Linbh Cáilithe le haois mar atá an íocaíocht don scoilbhliain nua – mura mbeadh ní bheidh aon rogha ag daoine óga as líonta tí ar ioncam íseal ach an scoil a fhágáil go luath. (VPSJ)
	TAITHÍ IDIRNÁISIÚNTA	<ul style="list-style-type: none"> • Feictear na torthaí is fearr do pháistí maidir le bochtaineacht linbh i dtíortha a bhfuil leibhéal ard de thacaíochtaí uilíocha do pháistí agus do theaghlaigh iontu i gcomhar le seirbhísí ar ardchaighdeán atá inrochtaine i sláinte, i gcúram leanaí agus in oideachas. Léiríonn an tsamhail Lochlannach luach ar airgead ó thaobh torthaí do pháistí as gach teaghlach. (Joint) • Sochair cánach dírithe ar pháistí sa Ríocht Aontaithe. (Alliance)
<p>F. Táscairí feidhmíochta : Aithnigh táscairí a d'fhéadfaí a úsáid chun monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar fheidhmíocht pholasaí TIL agus cláir a bhaineann leis.</p>	<p><i>Cé na táscairí atá dá n-úsáid faoi láthair chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus tionchar polasaí sa réimse seo?</i></p>	
	<p><i>Cén chaoi a bhféadfaí iad a úsáid níos fearr chun dearadh polasaí agus riaracháin cláir a fheabhsú?</i></p>	<ul style="list-style-type: none"> • Ba chóir cuspóirí níos soiléire a ghiniúint ón athbhreithniú i gcomhar polasaí tacaíochta ioncaim linbh. Ansin beifear in ann táscairí feidhmíochta a fhorbairt do gach cuspóir. Ba chóir cuspóir frith-bhochtaineachta a bheith mar chroí-lár polasaí tacaíochta ioncaim linbh. Ba chóir gur leor na tacaíochtaí ioncaim linbh agus go mbeadh siad struchtúrtha ar bhealach le gaistí bochtaineachta agus dídhreasachta a sheachaint. (SVP)

		<ul style="list-style-type: none"> • Tá siad seo a leanas ar na táscairí feidhmíochta a d'fhéadfaí a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht pholasaí tacaíochta ioncaim linbh: <ul style="list-style-type: none"> ○ Acmhainn ioncaim <ul style="list-style-type: none"> ▪ Ráta riosca bochtaineachta do pháistí ▪ Ráta bochtaineachta comhsheasmhach do pháistí ▪ Easnamh i measc páistí ▪ Bearta tacaíochta ioncaim linbh mar chéatadán den ráta leasa shóisialaí is ísle do dhaoine fásta ▪ An cion de chostas linbh a chlúdaíonn tacaíochtaí ioncaim linbh. ○ Gaistí bochtaineachta <ul style="list-style-type: none"> ▪ Rátaí cánach imeallacha éifeachtacha (aistarraingt sochair san áireamh) d'fhaighteoír leasa i gcomparáid le daoine ar ioncam ard. ▪ Cion de pháistí i dteaghlaigh gan aon duine fásta fostaithe ▪ Cion do pháistí i dteaghlaigh le daoine ag obair ach bocht. (SVP) • Chun monatóireacht a dhéanamh ar dul chun cinn i leith na gcuspóirí sin ba chóir táscairí a bheith dírithe ar thorthaí (in áit ionchur agus aschur). Tá táscairí a d'fhéadfadh a úsáid ar Thacaíochtaí Ioncaim Linbh imlínithe thíos: <ul style="list-style-type: none"> ○ Táscairí dírithe ar ioncam: <ul style="list-style-type: none"> ▪ Ráta bochtaineachta comhsheasmhach do pháistí ▪ Ráta riosca bochtaineachta do pháistí ▪ Bearta Tacaíochta Ioncaim Linbh (le chéile) mar chéatadán den ráta leasa shóisialaí is ísle do dhaoine fásta ▪ Cion den chostas le páiste a thógáil atá clúdaithe ag Tacaíochtaí Ioncaim Linbh (Alliance) ○ Táscairí atá dírithe ar ghaistí bochtaineachta: <ul style="list-style-type: none"> ▪ Rátaí cánach imeallacha éifeachtacha (aistarraingt sochair san áireamh) d'fhaighteoír leasa i gcomparáid le daoine ar ioncam ard. ▪ Cion de pháistí i dteaghlaigh gan aon duine fásta fostaithe ▪ Cion do pháistí i dteaghlaigh le daoine ag obair ach bocht. (Alliance) • Tá sé tábhachtach a bheith cúramach nuair atáthar ag úsáid rátaí bochtaineachta mar thomhais ar éifeachtacht Thacaíochtaí Ioncaim Linbh, mar níl an Tacaíocht Ioncaim Linbh ar an aon fhachtóir atá ann chun bochtaineacht linbh a laghdú. (Alliance)
--	--	--

	<p><i>Ar chóir táscairí nua a thabhairt isteach agus an bhfuil sé ceart leanúint ag dáileadh maoin phoiblí ar pholasáí TIL agus ar chlár a bhaineann leis?</i></p>	<ul style="list-style-type: none"> • Ba chóir don Rialtas sprioc a shocrú le bochtaineacht linbh a laghdú, agus na táscairí atá aontaithe a úsáid le monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn leis an sprioc sin a bhaint amach. Tá sprioc iomlán ag an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016 maidir le bochtaineacht a laghdú, ach níl sprioc ar leith aige maidir le bochtaineacht linbh. (Alliance)

Céim 1: Comhairliú

Rinneadh cleachtadh comhairlithe mar chuid den phróiseas athbhreithnithe. Is é a bhí anseo, ná ar dtús iarratas ar aighneachtaí scríofa a fháil ó na páirtithe sóisialta agus ó ghrúpaí pobail agus grúpaí deonacha, agus ansin tugadh cuireadh do shaineolaithe polasaí chun ionchur a dhéanamh sa phróiseas. Tugadh cuireadh do 18 eagraíochtaí ar fad páirt a ghlacadh sa phróiseas comhairlithe agus fuarthas 15 aighneacht scríofa chomh maith le haighneacht bhreise. Chomh maith leis an modh comhairlithe foirmiúil, chuathas i gcomhairle le geallsealbhóirí eile ar a raibh oifigí ón Roinn Airgeadais, a bhí freisin mar chuid den Ghrúpa Stiúrtha, na Coimisinéirí Cánach agus Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige

Céim 2: Sonraigh Aidhmeanna Polasaí agus Spriocghrúpaí

2.1 Cén príomhchuspóir atá ag an moladh polasaí/cláir/caiteachais seo?

Tá an próiseas athbhreithnithe LAA deartha chun cuspóirí polasaí poiblí leathan atá mar bhunús ar chlár a chur i bhfeidhm, agus i gcás an athbhreithnithe seo, sin tacaíocht ioncaim a sheachadadh do theaghlaigh le páistí. Tá faoin athbhreithniú freisin a shocrú cén chaoi a mbíonn idirghníomhaíocht ann idir polasaí agus clár TIL agus an straitéis níos leithne le bochtaineacht linbh ach go háirithe a laghdú trína chinntiú go leanfar le nó go gcuirfear feabhas ar dhreasachta oibre. Leanann an t-athbhreithniú ar aghaidh chun éifeacht agus inniúlacht chuspóirí an pholasaí a mheas agus cé mhéad díobh siúd atá bainte amach

D'aithin an t-athbhreithniú gurb iad na príomhchuspóirí polasaí atá mar bhunús le híocaíochtaí TIL ná soláthar a dhéanamh ar

- Chabhair uilíoch a thabhairt ó thaobh costais tógáil clainne do gach teaghlach (“athdháileadh cothrománach” agus
- Chabhair atá dírithe ar pháistí do theaghlaigh roghnaithe atá i gcontúirt bhochtaineachta (“athdháileadh ingearach”)

Leis an éabhlóid pholasaí tá cuspóirí tánaisteacha eile ag teacht aníos a bhfuil tábhacht éagsúil leo. Orthu sin tá: laghdú ar dídhreasachta airgeadais do thuismitheoirí chun glacadh le hobair; cabhair airgeadais i leith costais sonraithe ar nós costas cúram leanaí íoctha agus foinse ioncaim neamhspleách a sholáthar do mhná ag baile. De bharr an bhaint atá ag fostaíocht tuismitheora agus bochtaineacht tá tábhacht ar leith ag an gcéad cheann díobh seo.

Tá measúnú déanta ar íocaíochtaí TIL i gCaibidil 2 den tuairisc agus scrúdaítear éifeachtacht agus inniúlacht íocaíochtaí TIL i gCaibidil 4.

2.2 Cé hiad na spriocghrúpaí agus cén chaoi a bhfaigheadh na grúpaí sin an moladh?

Tá gach teaghlach a bhfuil páistí acu faoi bhun aoiseanna sonraithe agus a bhfuil íocaíocht TIL dá íoc thar a gceann ináirithe i measc na spriocghrúpaí a ndearna an t-athbhreithniú iad a mheas. Is dócha go bhféadfaí an chuid is mó de chuspóirí TIL a bhaint amach trí chur chuige straitéise “measctha” in áit a bhfuil leibhéal an TIL do theaghlaigh ar ioncam íseal déanta suas d’íocaíochtaí uilíoch agus íocaíochtaí roghnaithe ar thart ar an luach céanna, (in áit cur chuige a bhíodh “roghnaithe go príomha” agus “uilíoch go príomha” san am a caitheadh). Measann an t-athbhreithniú freisin go bhfuil gá na huirlisí reatha a réasúnú chun díriú ar theaghlaigh ar ioncam íseal agus chun fostaíocht a spreagadh.

Tá na roghanna leasuithe éagsúla a ndearnadh iad a mheas san athbhreithniú sonraithe i rannóg 9.3, áit a bhfuil luacháil ar gach ceann de na roghanna leasuithe ó thaobh na gcuspóirí i gcomhair íocaíochtaí TIL curtha ar fáil freisin.

2.3 Cé na difríochtaí atá ann laistigh den spriocghrúpa/idir na spriocghrúpaí le go mbeadh siad ag fáil tairbhe ón bpolasaí/clár ar bhealaí difriúla agus cén chaoi a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu?

D’aithin an t-athbhreithniú cur chuige leasa a bheadh ag brath chomh fada agus is féidir ar na gnéithe dearfacha atá sa chóras reatha ach a dhéanfadh athchothromú ar a gcuid leibhéil agus a gcuid idirghníomhaíochta choibhneasta chun an córas a dhéanamh níos comhleanúnaigh agus níos éifeachtaí. Bheadh córas mar sin difriúil ón gcóras reatha ar roinnt bealaí. Gheobhadh teaghlaigh íocaíocht slánaithe amháin ar gach leanbh. Bheadh sé seo mar íocaíocht bhunúsach do gach teaghlach ach gheobhadh teaghlaigh eile (ar ioncam íseal) forlíonadh bunaithe ar a stádas leasa shóisialaí nó sin an bhfuil siad ar ioncam íseal nó nach bhfuil.. Ní íocfaí ach forlíonadh amháin i leith páiste ar ioncam íseal, ní hionann agus an staid faoi láthair nuair a d’fhéadfaí FIT agus MLCanna araon a íoc. Leis an gcur chuige seo d’fhéadfaí ailíniú breise a dhéanamh ar SL, MLCanna agus FIT isteach in aon íocaíocht tacaíochta ioncaim linbh amháin a thabharfadh tacaíocht éigin do gach teaghlach agus a thabharfadh tacaíocht bhreise dírithe ar gach teaghlach ar ioncam íseal is cuma leasa nó obair. Bheadh roinnt buntáistí anseo thar an struchtúr reatha agus a mhalairt, tástáil maoiné nó cáin a ghearradh ar sochar linbh rud a bheadh i gcoiteann leis na cuir chuige eile ar leasú struchtúrach:

- Thabharfadh sé aghaidh ar chuspóirí athdháileadh cothrománacha agus ingearacha in aon uirlis amháin, rud a dhéanfadh níos feiceálaí é agus a dhéanfadh níos éasca a mheas an bhfuil sé ag baint amach cuspóirí rialtais;
- Bheadh na heilimintí éagsúla níos trédhearcaí do theaghlaigh le páistí agus bheifí in ann neamhchomhsheasmhachta a sheachaint níos fear;
- Bheadh sé níos éasca an deighilt leasa go hobair a thrasnú agus ag an am céanna dídhreasachta oibre a íoslaghú, chuige sin bheadh gá le pointe ag a stopfaí ioncam agus nach ndéanfaí íocaíochtaí thar an bpointe sin.

Céim 3: Breathnaigh ar na Sonraí agus an Taighde atá ar fáil

Breathnaigh ar na sonraí atá ar fáil laistigh de d'eagraíocht féin, ó ranna nó gníomhaireachta eile nó ó mhalairt foinsí. Aithin sonraí nó táscairí ar féidir a úsáid chun dul chun cinn a thomhais.

Baineadh úsáid as réimse leathan foinsí ar shonraí chun anailís chainníochtúil a fháil ar chlár TIL. Bhí siad seo ar na príomhfhoinsí sonraí ar baineadh úsáid astu:

- Eolas Staitistiúla ón RSP ar Sheirbhísí Leasa Shóisialaigh
- Suirbhé ar Ioncam agus Coinníollacha Maireachtála
- Sonraí daonáirimh agus daonra
- Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta Líon Tí
- Suirbhé Buiséid Líon Tí

Rinneadh anailís ar impleachtaí na meascáin caiteachais cláir éagsúla ar chaiteachas, agus ar éifeacht agus tionchar atá ag bochtaineacht ar dhreasachta fostaíochta ag baint úsáide as micreasamhail insamhalta sochar cánach SWITCH de chuid ITES. Scrúdaíodh an idirghníomhaíocht idir tacaíochtaí ioncaim, teacht isteach agus ioncaim teaghlaigh trí húsáid a bhaint as anailís 'samhail' leibhéil líon tí.

Scrúdaíodh réimse tuairiscí agus staidéir a bhain leis an ábhar ar a bhfuil siad seo a leanas:

- Reachtaíocht chúil agus eolas cúlra,
- Treoirínte scéime agus saintuairisc chúil,
- Athbhreithnithe roimhe seo agus taighde cuí ar bhochtaineacht linbh agus costas a bhaineann le páistí,
- Eolas ar sheachadadh eagraíochtúil na dtacaíochtaí reatha,
- Cleachtais idirnáisiúnta,
- Tuairiscí eolais bainistíochta

Tá tuilleadh sonraí ar na tuairiscí sin le fáil sa leabharliosta.

Tugann Caibidil 3 agus 5 anailís ar shonraí leibhéil cláir, claonta caiteachais agus próisis riaracháin san áireamh. Baineann Caibidil 4 úsáid as sonraí chun cuspóirí TIL a mheas, cuspóirí a bhfuil baint acu le cabhrú le páistí a thógáil agus bochtaineacht linbh a laghdú. Déanann Caibidil 7 caiteachas agus torthaí TIL a mheas i gcomhthéacs idirnáisiúnta ag baint úsáid as sonraí ón AE agus ón ECFE.

Céim 4: Measúnaigh Tionchair agus Breathnaigh ar Mhalairtí

4.1 Cén cineál tionchair ar bhochtaineacht (i dtéarmaí líon daoine faoi bhochtaineacht nó leibhéal bochtaineachta) a bheadh ag an moladh ar gach grúpa leochaileach atá liostaithe sa tábla?

Grúpa Leochaileach	An tionchar gur dócha a bheadh ag an gclár/togra ó thaobh téarmaí bochtaineachta		
	Ní bheadh aon Féach C.4.2	Dearfach Féach C.4.3	Diúltach Féach C.4.4
Grúpaí saolré			
Páistí agus daoine óga		√	
Daoine in aois oibre		√	
Daoine scothaosta	√		
Daoine faoi mhíchumas	√		
Grúpaí Leochaileacha Eile			
Mná		√	
Teaghlaigh aontuismitheora		√	
Teaghlaigh le líon mór páistí		√	
Daoine dífhostaithe		√	
Baill den Lucht Siúil	√		
Príosúnaigh agus Iar-phríosúnaigh	√		
Daoine faoi mhíbhuntáiste tuaithe	√		
Daoine i mbochtaineacht uirbeach	√		
Imircí	√		
Mionlaigh Eitneacha	√		
Daoine eile: (sonraigh le do thoil)			

4.2 Mura mbeadh aon éifeacht ag an moladh ar bhochtaineacht cé na roghanna a d'fhéadfaí a aithint chun éifeacht dhearfach a fháil?

Níl feidhm leis

- 4.3 Dá mbeadh éifeacht dearfach leis an moladh an gcabhródh sé le daoine a choinneáil as gaiste na bochtaineachta, an leibhéal (maidir le líon agus doimhne) bochtaineachta a laghdú nó maolú a dhéanamh ar éifeacht na bochtaineachta?

Cé go bhfuil go leor deacrachtaí ag baint le hiarracht a dhéanamh amach cé na tionchair bochtaineachta a bheadh ag roghanna leasuithe éagsúla atá aitheanta san athbhreithniú, mar gheall ar na deacrachtaí a bhaineann leis an réimse tuairimí a chaithfí a dhéanamh nuair a bheifí ag leagan amach na roghanna leasuithe éagsúla, taispeánann staidéir a rinne anailís ar éifeachtaí cuid de na roghanna leasuithe, ar nós íocaíocht linbh dara sraith a thabhairt isteach, tionchar dearfach ar bhochtaineacht linbh a laghdú. Ina theannta sin, trí leanúint leis an straitéis “mheasctha” ina mbeadh leibhéal tacaíochta do líonta tí ar ioncam íseal déanta suas as íocaíochta uilíocha agus íocaíochta roghnaithe araon ar thart ar an luach céanna agus réasúnú na n-uirlisí reatha roghnaithe chun díriú ar theaghlaigh ar ioncam íseal agus fostaíocht a spreagadh bhainfí amach cuspóirí TIL den chuid is mó, laghdú a chur ar bhochtaineacht linbh ina measc.

Féach rannóg 9.3.5. i gcomhair sonraí breise ar an tsaincheist seo.

- 4.4 Dá mbeadh tionchar diúltach (.i. chuirfeadh sé ardú ar an líon daoine faoi bhochtaineacht nó ar an leibhéal bochtaineachta) ar an moladh cé na roghanna a bhreathnófaí orthu chun maolú a dhéanamh ar an éifeacht sin?

Níl feidhm leis

- 4.5 An gcabhródh an moladh le haidhmeanna agus spriocanna chuimsiú PGN a bhaint amach?

Táthar ag súil go mbeadh laghdú ar rátaí bochtaineachta linbh mar chuid de na torthaí maithe don leanbh a thiocfadh de bharr na leasuithe atá imlínithe san athbhreithniú. Chabhródh laghdú mar sin leis an sprioc iomlán i laghdú bochtaineachta atá sa Chuimsiú PGN a bhaint amach.

Tá an sprioc ardleibhéil i gCuimsiú PGN freisin le luach bhearta tacaíochta ioncaim linbh comhcheangailte a shocrú ag 33-35% d'íosráta íocaíochta leasa shóisialaí dhuine fásta feadh chúrsa an phlean. Cé go bhfuil cuspóirí leathain TIL bailí fós, luann an t-athbhreithniú go bhfuil an Rialtas ag tabhairt comhartha go mb'fhéidir gur athraigh an cóimheá idir na cuspóirí sin agus go bhfuil béim níos mó ar an ról díriú ar acmhainní chun bochtaineacht linbh a laghdú.

Féach rannóg. 2.4.2. i gcomhair sonraí breise ar an tsaincheist seo.

4.6 An dtabharfadh an moladh aghaidh ar na héagothromaíochta a bhféadfadh bochtaineacht a bheith mar thoradh orthu?

Ba chóir a thuiscint gur cuid den straitéis níos leithne chun torthaí do pháistí agus go háirithe dea-bhail pháistí a fheabhsú iad cláir TIL. Tá an Straitéis Náisiúnta Leanaí dírithe ar na torthaí níos leithne sin agus cabhraíonn íocaíochtaí TIL le ceann amháin ar a laghad de na torthaí dearfacha do pháistí atá aitheanta laistigh den straitéis sin (*slándáil agus dea-bhail eacnamaíochta*).

Comhlánaíonn íocaíochtaí TIL cláir freisin a dhíríonn ar thionchair dhearfacha eile a thabhairt ar shaol páistí ar nós gnóthachtáil oideachais agus stádas sláinte. Mar sin féin, chun dea-bhail páiste a fheabhsú, d'fhéadfadh roinnt mhaith idirghabhála a bheith ag teastáil, go háirithe le seirbhísí a sholáthar a bhaineann leis an bpáiste.

Maidir le héagothromaíocht ar bhun reachtaíocht chomhionann i leith na naoi n-ábhar atá aitheanta in Éirinn (inscne, stádas teaghlaigh, stádas pósta, aois, míchumas, claonadh gnéis, cine, creideamh, agus ballraíocht den Lucht Siúil), tá tábhacht faoi leith ag an athbhreithniú maidir le hinscne mar go n-aithníonn sé gur cuspóir thánaisteach le Sochar Linbh é foinse ioncaim neamhspleách a sholáthar do mhná. Ag glacadh leis gur dócha go mbeidh ioncam díreach níos ísle ag mná ná ag fir (ar bhealach ag taispeáint an tionchar a bhíonn ag am a thógáil ón obair chun breathnú i ndiaidh na bpáistí) cabhraíonn an íocaíocht seo leis an máthair le comhionannas a fheabhsú sa tsochaí go ginearálta. Maidir leis na hábhair eile ní fheictear go mbeadh aon tionchar ag na moltaí atá le fáil san athbhreithniú ar na grúpaí sin.

Céim 5: Tóg Cinneadh agus Socraigh Monatóireacht

5.1 An nglacfar leis an moladh seo?

Tá sé suas don Roinn/Rialtas a shocrú an gcuirfear na moltaí atá san athbhreithniú i bhfeidhm

5.2 Má ghlactar leis an moladh, cén chaoi a ndéanfar monatóireacht ar an tionchar a bheidh aige ar bhochtaineacht?

Tabharfaidh sonraí ó Shuirbhé an PS ar Ioncam agus Coinníollacha Maireachtála staitisticí do na táscairí seo a leanas:

- Rátaí ar líon bochtaineachta linbh
- Rátaí comhsheasmhacha bochtaineachta linbh
- Doimhne bochtaineachta
- Rátaí bochtaineachta dhuine fásta i gcoinne rátaí bochtaineachta linbh

Céim 6: Foilsiú Torthaí

Foilseofar tuairisc an athbhreithnithe LAA at thacaíocht ioncam linbh agus chlár caiteachais a bhaineann leis, ar a bhfuil an PIA ar shuíomh idirlín na Roinne: www.welfare.ie

MEASÚNÚ TIONCHAIR BOCHTAINÉACHTA – BILEOG ACHOIMRE

Ba chóir an bhileog achoimre seo a fhorlíonadh agus í a chur ar ais chuig oifigeach teagmhála chuimsiú sóisialta na roinne, nuair atá measúnú tionchair bochtaineachta iomlán, nó an staid scagtha, mar is cuí, chríochnaithe. Mura bhfuil aon oifigeach teagmhála ann ba chóir cóip den bhileog seo a sheoladh díreach chuig Oifig um Chuimsiú Sóisialta.

Ainm na Roinne: Cuimsiú Sóisialta

Teideal Cláir/Polasaí: Athbhreithniú Luach ar Airgead ar pholasaí agus cláir gaolmhara TIL

Dáta ar cuireadh an polasaí i bhfeidhm:

Cur síos gonta ar chlár/polasaí (sonraigh an spriocghrúpa le do thoil):

Bunaíodh an t-athbhreithniú ar pholasaithe Tacaíochta Ioncam Linbh agus cláir gaolmhara i 2009 le cuspóirí pholasaí TIL a scrúdú, a mheas an bhfuil siad fós bailí, an bhfuil caiteachas cláir agus costais riaracháin gaolmhara cumraithe sách maith chun na cuspóirí sin a bhaint amach agus an mbeadh torthaí agus tionchair níos fearr le fáil óna mhalairt de chur chuige. Is iad na príomhchláir de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí a chlúdaíonn an t-athbhreithniú ná Sochar Linbh, Méadú i leith Linbh Cháilithe, arduithe ar na príomhíocaíochtaí do dhaoine fásta agus Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh, ach bhreathnaigh an t-athbhreithniú freisin ar ghnéithe den Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua agus an Forlíonadh Luathchúraim Leanaí (tá an scéim SCOL atá dá sheachadadh ag an OALGÓ tagtha in ionad seo anois).

An dáta ar rinneadh an measúnú tionchair bochtaineachta: Deireadh Fómhair 2010

An staid ag a ndearnadh an measúnú tionchair bochtaineachta (m.sh dearadh, athbhreithniú):
Athbhreithniú

Achoimre gonta ar thorthaí:

Breathnaíonn an t-athbhreithniú ar thionchar dhearadh iomlán íocaíochtaí TIL ar thorthaí níos fearr do pháistí agus do thorthaí níos fearr sa mhargadh oibre dá dtuismitheoirí. Déantar scrúdú agus comparáid ar réimse cur chuige indéanta chun éifeachtacht agus inniúlacht níos fearr a bhaint amach i gcaiteachas thacaíochtaí ioncaim linbh. Go hachomair is iad príomhchinntí an athbhreithnithe ná

- Is iad cuspóirí íocaíochtaí thacaíocht ioncaim linbh ná roinnt cúnamh a thabhairt do líonta tí le páistí, cúnamh fhorlíonta do líonta tí ar ioncam íseal ar bhealach a laghdóidh dídhreasachta do thuismitheoirí ar ioncam íseal a bheadh ag glacadh le fostaíocht.
- Mar gheall ar an leibhéal suntasach caiteachais agus na cúinsí airgeadais reatha, ní mórán seans go bhféadfaí torthaí níos fearr a bhaint amach le tuilleadh caiteachais, agus cé nach mbeidh torthaí níos fearr ar chaiteachas níos lú, b'fhéidir go bhféadfaí iad sin a bhaint amach dá mbeadh seirbhísí níos fearr ann a bhaineann le páistí nó trí chomhardú arís idir caiteachas uilíoch agus roghnach.
- Is dócha go mbainfí amach na cuspóirí chomh maith agus is féidir trí straitéis “mheasctha” ina mbeadh leibhéal tacaíochta do líonta tí ar ioncam íseal déanta suas d'íocaíochtaí uilíoch agus roghnach ar thart ar an luach céanna (seachas cur chuige “roghnach go príomha” nó “uilíoch go príomha” mar a bhí roimhe seo).
- Tá gá leis na huirlisí roghnacha reatha a réasúnú chun díriú ar theaghlaigh ar ioncam íseal agus chun fostaíocht a spreagadh. Breathnaíonn an t-athbhreithniú ar mholtaí a rinneadh cheana chun é seo a dhéanamh ach tá sé i bhfabhar comhtháthú breise ar na príomhíocaíochtaí tacaíochtaí ioncaim linbh go meántéarmach nó fadtéarmach.
- Go mbeadh na leibhéil íocaíochta is cuma uilíoch nó roghnach níos comhleanúnaí agus níos comhsheasmhaí sa mhéid is a léiríonn siad cabhair le costas leanaí.

Má foilsíodh na torthaí sin sonraigh le do thoil cá bhfuil siad ar fáil. Murar foilsíodh iad, mínigh le do thoil cén fáth.

Torthaí PIA a cuireadh ar fáil mar chuid den athbhreithniú foilsithe.

An Clár Oibre do Sheirbhísí Leanaí: Lámhleabhar an Bheartais, Oifig an Aire Leanaí (Baile Átha Cliath, 2007).

Bargain, Olivier, Olivier Donni agus Monnet Gbakou, 'The Measurement of Child Costs: Evidence from Ireland', *The Economic and Social Review*, *Imleabhar 41, Uimh. 1* (2010), lth. 1 – 20.

Bun-Ioncam: Páipéar Glas, Roinn an Taoisigh (Baile Átha Cliath, 2002).

Benefits and Wages 2007, Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (Páras, 2007).

Bradshaw, Jonathan agus Naomi Finch, *A Comparison of Child Benefit Packages in 22 countries*, Department for Work and Pensions Tuarascáil Taighde Uimh. 174 (Huddersfield, 2002).

Bradshaw, Jonathan, Naomi Finch agus Tony Eardley, 'How does the Australian child benefit package compare internationally?', Páipéar don seisiún *Australian Transfers and Inequality in Comparative Context*, Australian Social Policy Conference, University of New South Wales, Sydney, Iúil 2003.
<http://www.sprc.unsw.edu.au/ASPC2003/papers/Paper7.doc>

Building a fairer tax system, the working poor and the cost of refundable tax credits, Social Justice Ireland Policy Research Series (Baile Átha Cliath, 2010).

Callan, Tim, Mary Keeney, Brian Nolan, agus John R. Walsh, *Reforming Tax and Welfare*, An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta Sóisialta (Baile Átha Cliath, 2001).

Callan, Tim, Kieran Coleman, Brian Nolan, agus John R. Walsh, 'Child Poverty and Child Income Supports: Ireland in Comparative Perspective' i Tim Callan (ed.) *Budget Perspectives 2007*, An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta Sóisialta (Baile Átha Cliath, 2006).

Callan, Tim, Brian Nolan, agus John R. Walsh, Christopher T. Whelan agus Bertrand Maitre, *Tackling Low Income and Deprivation: Developing Effective Policies*, An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta Sóisialta (Baile Átha Cliath, 2008).

Carney, Claire, Eithne Fitzgerald, Gabriel Kiely, agus Paul Quinn, *The Cost of a Child, A Report on the Financial Cost of Raising a Child in Ireland*, An Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine Tuarascálacha Taighde Uimh. 17 (Baile Átha Cliath, 1994).
http://www.cpa.ie/publications/TheCostOfAChild_1994.pdf

Chapple, Simon agus Dominic Richardson, *Doing Better for Children*, Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (Páras, 2009).

Child Benefit Review Committee, Report to the Minister for Social Welfare (Baile Átha Cliath, 1995).

Child Poverty and Child Well-being in the EU, Report of the Indicator's Sub-Group of the Social Protection Committee (2008).

Christensen, Karen Sejersdal, *Children in new family structures. Adjusting family benefits to the new family structure: The Scandinavian model*, International Social Security Association (An Ghinéiv, 2004).

Combating Poverty and Social Exclusion, a Statistical Portrait of the European Union 2010, Eurostat (Lucsamburg, 2010).

Commission on Social Welfare, An Roinn Leasa Shóisialaigh (Baile Átha Cliath, 1986).

Commission on Taxation Report 2009 (Baile Átha Cliath, 2009).

Conniffe, Denis agus Gary Keogh, *Equivalence Scales and Costs of Children*, An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta Sóisialta (Baile Átha Cliath, 1988).

Corak, Miles, Christine Lietz agus Holly Sutherland, *The Impact of Tax and Transfer Systems on Children in the European Union*, Páipéar Oibre Innocenti CLNA Uimh. 2005-04 (Florence, 2005).

Corrigan, Carmel, *An Income Adequacy Standard for Children*, An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine Sraith Páipéir Oibre 04/02 (Baile Átha Cliath, 2004).

Cousins, Mel (ed.), *Welfare Policy and Poverty*, An Foras Riaracháin agus An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine (Baile Átha Cliath, 2007).

Cousins, Mel, *Explaining the Irish welfare state : an historical, comparative, and political analysis* (Nua Eabhrach, 2005).

D'Addio, Anna Cristina agus Marco Mira d'Ercole, *Trends and Determinants of Fertility Rates in OECD Countries: The Role of Policies*, Páipéir Oibre Sóisialta, Fostaíochta agus Imirce Uimh. 27 ECFE, Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (Páras, 2005).

Daly, Mary, *Tackling Child Poverty and Promoting the Social Inclusion of Children: A study of National policies – Ireland*, An Coimisiún Eorpach (2007).

Daly, Mary agus Sara Clavero, *Contemporary Family Policy: A comparative review of Ireland, France, Germany, Sweden & the UK*, An Foras Riaracháin (Baile Átha Cliath, 2002).

Daly, Mary, agus Madeline Leonard, *Against All Odds: Family Life on a Low Income in Ireland*, An Foras Riaracháin agus An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine (Baile Átha Cliath, 2002).

Delivering Better Government, Second Report to Government of the Co-ordinating Group of Secretaries - A Programme of Change for the Irish Civil Service (Bealtaine, 1996).

The Developmental Welfare State, An Chomhairle Náisiúnta agus Sóisialta (Baile Átha Cliath, 2005).

Dunne, Alison, Tony Fahey, Bertrand Maitre, Brian Nolan, Emer Smyth agus Christopher T. Whelan, *A Social Portrait of Children in Ireland*, An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta Sóisialta (Baile Átha Cliath, 2007).

Duncan, Greg J., *Income and Child Well-Being*, An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta Sóisialta (Baile Átha Cliath, 2006).

Economic Policy Reforms: Going for Growth 2009, Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (Páras, 2009).

EU Survey on Income and Living Conditions (EU-SILC), Fuascailt Bliantúil Staitisticí, An Phríomh-Oifig Staidrimh (Corcaigh, 2003 – 2008).

EU Survey on Income and Living Conditions (EU-SILC) Intergenerational Transmission of Poverty 2005, An Phríomh-Oifig Staidrimh (Corcaigh, 2007).

Final Report of the Social Welfare Benchmarking & Indexation Group (2001).

Fitzgerald, Eithne, *Alternative Strategies for Family Income Support*, Comhairle Náisiúnta agus Sóisialta, Tuarascáil Uimh. 47 (Baile Átha Cliath, 1980).

Healy, Jonathan agus Rod Hick, *Ending Child Poverty, Combat Poverty Agency Policy Statement*, An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine (Baile Átha Cliath, 2005).

International Social Security Association, *Social Policy Highlight Issue*, Uimh. 14 (Meitheamh, 2010).

Ireland's Child Income Supports: The Case for a New Form of Targeting, An Chomhairle Náisiúnta agus Sóisialta, Páipéar Sraith Taighde Uimh. 6 (Baile Átha Cliath, 2007).

Lohmann, Henning, Frauke H. Peter, Tine Rostgaard, agus C. Katharina Spiess, *Towards a Framework for assessing Family Policies in the EU*, Páipéir Oibre Sóisialta, Fostaíochta agus Imirce Uimh. 27 ECFE, Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (Páras, 2009).

Letablier, Marie-Thérèse, Angela Luci, Antoine Math, agus Olivier Thévenon, *The costs of raising children and the effectiveness of policies to support parenthood in European countries: a Literature Review*, An Coimisiún Eorpach (2009).

McCashin, Anthony, *Social Security in Ireland*, An Chéad Eagrán (Baile Átha Cliath, 2004).

Selina McCoy, Delma Byrne, Philip J. O'Connell, Elish Kelly & Cliona Doherty, *Hidden Disadvantage? A Study on the Low Participation in Higher Education by the Non-Manual Group*, An tÚdarás um Ard-Oideachas (2010).

Measuring Ireland's Progress, 2008, An Phríomh-Oifig Staidrimh (Corcaigh, 2009).

Millar, Jane, 'Making work pay, making tax credits work: An assessment with specific reference to lone-parent employment', *International Social Security Review*, Imleabhar. 61, (2008), lth. 21 – 37.

Morgenroth, Edgar L., John Fitzgerald, *Ex-ante Evaluation of the Investment Priorities for the National Development Plan 2007-2013*, An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta Sóisialta (Baile Átha Cliath, 2006).

An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016, An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (Baile Átha Cliath, 2007).

National Employment Survey, 2007, An Phríomh-Oifig Staidrimh (Corcaigh, 2009).

National Children's Strategy Our Children – Their Lives, An Roinn Sláinte agus Leanaí (Baile Átha Cliath, 2000).

Nolan, Brian, *Child Poverty in Ireland*, Oak Tree Press i gcomhar leis an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine (Baile Átha Cliath, 2000).

Nolan, Brian, Richard Layte, Christopher T. Whelan, agus Bertrand Maître, *Day in Day Out: Understanding the Dynamics of Child Poverty*, An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine (Baile Átha Cliath, 2006).

Oberlin, Ernesto Murro et al., *Family allowances: Policy, practice and the fight against poverty in Europe and Latin America? Technical Report 2*, International Social Security Association (An Ghinéiv, 2008).

Partnership 2000, Roinn an Taoisigh (Baile Átha Cliath, 1998).

An Clár don Rialtas 2007-2012 (Baile Átha Cliath, 2007).

Renewed Programme for Government (Baile Átha Cliath, 2009).

Report of the Expert Working Group on the Integration of the Tax and Social Welfare System (Baile Átha Cliath, 1996).

Report of the Special Group on Public Service Numbers and Expenditure, Imleabhar 2 An Roinn Airgeadais (Baile Átha Cliath, 2009).

Report of the Working Group on the Review of the Illness and Disability Payment Schemes, An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (Baile Átha Cliath, 2003).

Review of the Supplementary Welfare Allowance Scheme, Phase II, An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (Baile Átha Cliath, 2006).

Review of the Back to School Clothing and Footwear Allowance, An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (Baile Átha Cliath, 2004).

Russell, Helen, Bertrand Maitre, agus Brian Nolan, *Monitoring Poverty Trends in Ireland 2004 -2007: Key Issues for Children, People of Working Age and Older People*, An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta Sóisialta (Baile Átha Cliath, 2010).

Samson, Michael, Ingrid van Niekerk, Kenneth Mac Quene, *Designing and Implementing Social Transfer Programmes*, Economic Policy Research Institute (Cape Town, 2006).

Saunders, Peter, 'Efficiency and Effectiveness in Social Policies: An International Perspective', i T.P. Hardiman agus Michael Mulreany, *Efficiency and Effectiveness in the Public Domain*, An Foras Riaracháin (Baile Átha Cliath, 1991).

Spending Review 2010, HM Treasury (2010).

State of the Nation's Children, Ireland 2008, Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige (Baile Átha Cliath, 2008).

Statement of Strategy, 2008 – 2010, An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (Baile Átha Cliath, 2008).

Staitisticí um Sheirbhísí Leasa Shóisialaigh, An Roinn Coimirce Sóisialaí (Baile Átha Cliath, 1997 – 2010).

A Strategy for the Nineties: Economic Stability and Structural Change, Chomhairle Náisiúnta agus Sóisialta (Baile Átha Cliath, 1990).

Ag Coinneáil an Dul chun Cinn An Comhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta 2003-2005, Roinn an Taoisigh (Baile Átha Cliath, 2003).

Sweeney, John, *Ending Child Poverty in Rich Countries: What Works?*, Children's Right Alliance (Baile Átha Cliath, 2002).

I dTreo 2016 Comhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta Deich mBlíana 2006-2015, Roinn an Taoisigh (Baile Átha Cliath, 2006).

UNICEF (CLNA), *Child Poverty in Perspective: An overview of child well being in rich countries, Innocenti Report Card 7, 2007*, Ionad Taighde Innocenti CLNA (Florence, 2007).

UNICEF (CLNA), *The child care transition, Innocenti Report Card 8, 2008*, Ionad Taighde Innocenti CLNA (Florence, 2008).

Well-being Matters: A Social Report for Ireland, 2 Imleabhar, An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta (Baile Átha Cliath, 2009).

Whiteford, Peter agus Willem Adema, *What Works Best in Reducing Child Poverty: A Benefit or Work Strategy?*, Páipéir Oibre Sóisialta, Fostaíochta agus Imirce, ECFE – Uimh. 51, Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (Páras, 2007).